

17

TUARASCÁIL BHLIANTÚIL
DHÁ MHÍLE
SEACHT DÉAG



UACHTARÁN

Geraldine Tallon Uas.
Iar-Ardrúnaí
An Roinn Comhshaoil,
Pobail agus Rialtais Áitiúil

LEAS-UACHTARÁIN

Eddie Breen
Donal Connell
Martin Fraser

Dermot McCarthy
Tony O'Brien
Robert Watt

BALLRAÍOCHT AN BHOIRD

Martin O'Halloran (Cathaoir)
Marian O'Sullivan (Ard-stiúrthóir)
Elizabeth Adams
Mark Callanan (Ar scor ó Mheitheamh 2017)
Raymond Dolan
Lucy Fallon-Byrne
Pat Gallagher

Carolyn Gormley (Ceaptha Meitheamh 2017)
Connie Kelleher
Paul Lemass
Fergal Lynch
Stephen Mulvany
Pat Naughton (Ceaptha Bealt. 2017)
Siobhan O'Halloran

FOCHOISTÍ AN BHOIRD

AN COISTE AIRGEADAIS AGUS STRAITÉISE

Martin O'Halloran (Cathaoir)
Mark Callanan (Ar scor ó Mheitheamh 2017)
Pat Gallagher
Carolyn Gormley (Ceaptha Meitheamh 2017)

Paul Lemass
Fergal Lynch
Stephen Mulvany
Marian O'Sullivan

AN COISTE RIARACHÁIN

Martin O'Halloran (Cathaoir)
Elizabeth Adams
Lucy Fallon Byrne (Ceaptha Meitheamh 2017)

Pat Gallagher
Fergal Lynch (Ceaptha Meitheamh 2017)

AN COISTE INIÚCHÓIREACHTA & RIOSCA

Raymond Dolan (Cathaoir)
Elizabeth Adams
Connie Kelleher

Fergal Lynch
Pat Naughton (Ceaptha Bealt. 2017)
Siobhan O'Halloran

COISTÍ AN FHORAIS RIARACHÁIN

AN COISTE OIDEACHAIS

Frank Murray (Cathaoir)
Dermot Clynes
Tony Donohoe
Kevin Foley
Denis Harrington (Ar scor ó Fheabhra 2017)
Aidan Horan
Rory McCorley (Ceaptha Bealt. 2017)
Ian McKenna
Oonagh McPhillips

Michael Mulreany
Seamus Neely
Jack Nolan (Ar scor ó Fheabhra 2017)
Margaret Nugent (Ceaptha Bealt. 2017)
Denis O'Brien
Marian O'Sullivan
Moling Ryan
John Twomey

AN COISTE FOILSITHEOIREACHTA LEABHAR

Maurice Manning (Cathaoir)
Richard Boyle
John Curry (Ar scor ó Mhárta 2017)
Dónal de Buitléir

Tom Fennell
Philip Hamell (Ceaptha Nollaig 2017)
Paul Haran
Blathna Ruane




AN FORAS RIARACHÁIN

57- 61 Bóthar Lansdún,
Baile Átha Cliath D04 TC62
Guth.: + 353 1 240 3600
Facs: +353 1 668 9135
information@ipa.ie
www.ipa.ie

CLÁR ÁBHAR

RÉAMHRÁ	05
TUARASCÁIL AN ARD-STIÚRTHÓRA	07
OIDEACHAS	11
TAIGHDE	14
OILIÚINT & FORBAIRT	17
SEIRBHÍSÍ IDIRNÁISIÚNTA	20
LEABHARLANN & SEIRBHÍSÍ EOLAIS	22
FOILSITHEOIREACHT	24
BUAITEOIRÍ GRADAM & DUASEANNA	27
FOR-ROCHTAIN	32
FEIDHMÍOCHT AIRGEADAIS	34
RÁITIS AIRGEADAIS	36
BAINISTÍOCHT SHINSEARACH AN FHORAIS	74





01

Réamhrá

Réamhrá

Tá an Foras Riaracháin a bunaíodh i mí na Samhna 1957 ag comóradh 60 bliain ar an bhfód, tréimhse ina bhfuil meascán fíor-speisialta d'oidreachas, oiliúint, taighde, foilsitheoireacht agus seirbhísí comhairleoireachta curtha ar fáil aige do mhicléinn agus eagraíochtaí ar fud na seirbhíse poiblí. Mar thoradh ar an gcur chuige tras-earnála cinntítear go bhfuil meon uathúil atá dírithe ar an rialtas ina iomláine ag an bhForas i leith gach rud atá dtugaimid faoi. Mar aitheantas go bhfuil ról ceannais ag an bhForas i ndáil le seirbhísí a chothaíonn cumas agus tacaíocht d'fhorbairt agus d'athchóiriú na hearnála poiblí á gcur ar fáil aige tá plean straitéise nua dá chuid seolta ag an bhForas Riaracháin go luath in 2017. Is ábhair mórtais don bhForas a mhisean saineúil arb é tuiscint ar an riarachán poiblí agus ar an bheartas poiblí agus a chaighdeán agus a chleachtas a chur chun cinn. Agus sinne ag féachaint ar aghaidh tá fis uailmhianach dhúshlánach againn le haghaidh forbairt straitéiseach an Fhorais Riaracháin, is é sin go 'meastar é a bheith ina heagraíocht cheannais agus ina sholáthraí a roghnaítear maidir le hinniúlacht a chothú ar fud na seirbhíse poiblí.

Dúshlán leanúnach is ea a chinntiú go seachtadair seirbhísí phoiblí den scoth go seasmhach agus minic a bhíonn sé ina hábhar díospóireachta. Tá an Foras ag féachaint le cur le feidhmíocht na Seirbhíse Poiblí thar na blianta agustá sé ag iarraidh a bheith mar bhonn eolais aici agus é a phlé.

Le blianta beaga anuas tá tuarascáil foilsithe ag an bhForas go bliantúil ina n-iniúchtar treochtaí san earnáil phoiblí. Is é atá i gceist leis an tuarascáil seo ná cabhrú chun bonn eolais a chur ar fáil don bplé faoi earnáil phoiblí na hÉireann agus faoin bpáirt atá aici i sochaí na hÉireann. Tríúsáid a bhaint as sonraí a tiomsaíodh ó roinnt foinsí éagsúla idir náisiúnta agus idirnáisiúnta, cuirtear i láthair ar mhéid agus costas na hearnála poiblí, cáilíocht an riaracháin phoiblí, éifeachtacht agus feidhmíocht, agus ar leibhéil iontaobhe agus muiníne ar shlí shimplí atá géar cruinn mar sin féin.

Táid seo a leanas ar phríomh-thorthaí na tuarascála 2017:

- Sa bhliain 2016 tháinig méadú suas go breis is 311,000 ar líon na bhfostaithe sa tseirbhís phoiblí. Is é seo an líon is airde ó 2008.
- Tá 14% den lucht saothair ag obair sa tseirbhís phoiblí.
- Féachtar ar riarachán poiblí na hÉireann ar an riarachán is proifisiúnta agus is lú atá faoi thionchar na polaitíochta san Eoraip.
- Áirítear seirbhísí poiblí na hÉireann ar na seirbhísí is lú a bhfuil maolathas ag gabháil leo (an dara ceann is fearr) agus is lú atá éilitheach (an tríú ceann is fearr) san Eoraip.
- Tá sásamh poiblí leis an státseirbhís go maith ard: Bhí 83% díobh siúd a ndearnadh suirbhé orthu an-sásta nó go sásta go leor leis na seirbhísí a fuair siad ón státseirbhís; bhí 12% an-mhíshásta nó go maith míshásta leis na seirbhísí. Is é seo an céatadán míshástachta is lú ó 2005.

Ba iad na príomhchúiseanna le míshástacht próisis mhalla agus tréimhsí fada feithimh ar an nguthán. Dá réir sin caithfimid cuimhneamh ar shlíte chun na seirbhísí atá á seachadadh againne a fheabhsú nó a athchóiriú agus cé chomh maith agus atáimid ullmhaithe don ngeilleagar digiteach. Tá inniúlachtaí digiteacha agus cruthaitheacht ar na téamaí is minice a phléitear maidir leis na hathruithe atá ag teacht ar na sraitheanna scileanna atá riachtanach sa lucht saothair a bheidh ann san am atá romhainn.

Tá teicneolaíochtaí digiteacha ag athrú ár saol eacnamaíoch agus ár saol sóisialta ón mbonn aníos. Léimid ceanteidil a deir go mbeidh róbaít ag déanamh ár jabanna ach ba chóir dúinn gan dearmad a dhéanamh air seo: cé go mbeidh an digitíú ag teacht in ionad jabanna áirithe is ea go gcruthóidh sé jabanna, leis agus is minic go mbeidh deiseanna fostaíochta le pá níos fearr i gceist.

Má chaithfimid súil siar ar 2006 ní raibh Facebook ach ina thús. Bhí Twitter á sheoladh agus ní raibh gutháin chliste ag duine ar bith. Aon bhliain déag ina dhiaidh sin is áit fíor-dhifriúil é an t-áit oibre. Beidh seasca-cúig faoin gcéad de leanaí a théann isteach sa bhunscoil sa lá atá inniu ann ag obair i jabanna nach bhfuil inár bpríseas smaointeoireachta fós. Tá dlús tagtha faoin athrú.

Ní mór dúinn a aithint gurb ionann 'deireadh jab amháin agus tús jab eile'. Sa tuarascáil faoi thodhchaí post de chuid an Fhóiraim Dhomhanda Eacnamaíoch cuirtear in iúl gurb iad na trí phríomh-scil a mbeidh gá leo in 2020 ná réiteach faidhbe casta, smaointeoireacht chriticiúil agus cruthaitheacht. Bhí an ceann deiridh sa deichiú áit in 2015. Ní bhíonn an tuiscint céanna ag gach duine ar cruthaitheacht. Is iad úrnuacht agus áisiúlacht croí na cruthaitheachta. Tá ar chumas daoine cruthaitheacha a gcuid eispéireas a nascadh agus rudaí nua a tharraing le chéile.

Tarlóidh nuáil má éiríonn le heagraíocht na smaointe cruthaitheacha a bhíonn ag daoine aonair nó ag foirne a chur i ngníomh. Is é an dúshlán atá romhainn ná meoin chruthaitheacha agus próisis chruthaitheacha a chothú agus tacú leo agus leas a bhaint as ár gcuid eagraíochtaí mar áisitheoirí na cruthaitheachta. Caithfimid a admháil gur bunscil chun fadhbanna a réiteach í an chruthaitheacht. Beidh an chruthaitheacht ag dul i dtábhacht níos mó de réir mar a bhogaimid chun cinn.

Imríonn a lán tosca, idir inmheánach agus sheachtrach, tionchar ar an earnáil phoiblí ach is í a chinntíonn go bhfuil eagraíochtaí níos barainní níos cliste againn chomh maith le próisis níos éifeachtaí níos cruthaithe chun freastal ar na dúshláin atá roimh an tsochaí sa lá atá inniu ann. Tá an Foras ag obair le baill foirne ó mhórán eagraíochtaí éagsúla na seirbhíse poiblí agus tá sé ag tacú leo chun an t-aistriú seo a bhaint amach. Tá sibh go léir ina chuid den athrú ón mbonn aníos agus tá sibh ar aistear. Maireann an caidreamh láidir idir an Foras agus a chuid luchtanna leasa sa tseirbhís phoiblí i gcónaí. Ciallaíonn tiomantas na foirne do mhisean lárnach agus do chuspóir an Fhorais arb é tacú le feabhsú agus le forbairt an riaracháin phoiblí gur acmhainn shuntasach é a leanfaidh ar aghaidh ag fónamh don tseirbhís phoiblí go ceann mórán blianta eile.



Martin O'Halloran


Martin O'Halloran
Cathaoirleach



02

Tuarascáil an Ard-Stiúrthóra

Tuarascáil an Ard-Stiúrthóra



*Sa phictiúr seo a tógadh ag seoladh an leabhair *Towards the Era of Lifelong Learning*, le John Coolahan tá mar aoi oinigh Richard Bruton, TD, an tAire Oideachais agus Scileanna.*

Tugann an tuarascáil bhliantúil deis machnamh a dhéanamh ar a bhfuil bainte amach ag an bhForas Riaracháin le dhá mhí déag anuas, tráth a bhfuil comóradh á dhéanamh againn ar an seascadú bliain ó bunaíodh an Foras, bliain a thosaigh i mí na Samhna 2017. Tugann sé deis leis, aitheantas a thabhairt do na hardleibhéil proifisiúntachta, tiomantais agus don obair chrua atá déanta ag foireann den chéad scoth, foireann a bhfuil sé de phléisiúr agam a bheith ag obair léi faoi threoir Chathaoirleach an Fhorais Riaracháin agus an Bhoird agus lena dtacaíochtsan. Tá sé den tábhacht go ndéanfaimid bliain inar éirigh go maith linn ar an iomlán a cheiliúradh agus go dtabharfaimid aitheantas di.

Tá riachtanais nua ag teacht chun cinn ó fheabhsuithe a tharlaíonn go leanúnach ar fud na seirbhíse poiblí. Bíodh is go leagtar béim i gcónaí ar shaincheisteanna ar nós caiteachas a choinneáil faoi smacht tá gá le níos mó a bhaint amach le hacmhainní laghdaithe, rialtas comhair, comhtháthú níos dlúithe maidir le ceapadh agus feidhmiú beartais agus margáí saothair poiblí níos solúbtha is léir go bhfuiltear ag díriú isteach faoin am ar úsáid níos mó a bhaint as an teicneolaíocht, ar chruthaitheacht, ar iontaobh in institiúidí poiblí a chothú agus a choimeád agus ar chuntasacht. Tá gá le forbairt bhreise a dhéanamh ar scileanna i réimsí ar nós rialachais, ceannaireacht, bainistíocht, cumarsáid, bainistiú tionscadail agus bainistiú acmhainní daonna. Tá clú thar cinn forbartha ag an bhForas Riaracháin go náisiúnta agus go hidirnáisiúnta ar aon mar gheall ar oideachas, oiliúint, taighde, foilsitheoireacht agus cothú cumais a chur ar fáil, mar aon le tacaíocht d'fhorbairt agus athchóiriú na hearnála poiblí.

Reachtáladh an searmanas bronnta do chlár atá creidiúnaithe ag COBHÁC ar an 1 Nollaig 2017. Bronnadh dámhachtain ar 890 gcéimí. Bronnadh teastais ó COBHÁC ar 432 mhacléinn eile. Tá ár gcuid clár dírithe ar scileanna agus eolas speisialtóra a sholáthar mar aon le tuiscint ar bhonn leathan ar bheartas poiblí, scileanna anailíse agus deis dul ar aghaidh ó dhámhachtainí leibhéil 6 suas chuig leibhéal 10 ar Chreat Náisiúnta na gCáilíochtaí. Tá na clár ceaptha leis, chun seirbhís sholúbtha phearsantaithe a chur ar fáil d'fhonn éascaíocht a dhéanamh do mhicléinn atá ag obair go lánaimseartha agus chun tacú leo. Sa chomhthéacs seo tá tábhacht ar leith ag baint le soláthar tacaíochta ar líne do mhicléinn. In 2017 lean an Foras air ag soláthar clár do mhicléinn idirnáisiúnta. Bhí caoga macléinn ó choláistí sna S.A. rannpháirteach i gclár intéirneachta parlaiminte. Chríochnaigh fiche macléinn ó na Séiséal an MA i gCeannaireacht agus Straitéis agus rinne breis is céad macléinn ó Ollscoil Nanchang na Síne staidéar ar an gClár Diplóma i Staidéar Gnó.

Tá foireann bheag, lánaimseartha, thiomanta ag an bhForas Riaracháin atá ag tabhairt faoi thaighde feidhmeach do ranna rialtais agus comhlachtaí eile de chuid na hearnála poiblí. In 2017 leanadh ar aghaidh leis an tsraith taighde ar 'Bail na Seirbhíse Poiblí' agus leis an tsraith taighde 'Rialtas Áitiúil' atá idir lámha ag an bhForas. Ar réimsí oibre eile áirítear :

- Staidéar coimisiúnaithe do The Atlantic Philanthropies a chríochnú ar cheachtanna ó infheistíochtaí a rinne The Atlantic Philanthropies agus Rialtas na hÉireann le chéile ar bhonn comhpháirtíochta.
- An rannchuidiú Éireannach do thionscadal atá coimisiúnaithe ag an AE a sholáthar dar teideal ‘Support for Developing Better Country Knowledge on Public Administration and Institutional Capacity Building’ (European Public Administration Country Knowledge – EUPACK), d’fhonn eolas agus tuiscint ar stádas dinimic athchóirithe an riaracháin poiblí i mballstáit AE a chur chun cinn, chomh maith le tacaíocht ón taobh amuigh a chur ar fáil chun feabhas a chur ar a cáilíocht d’fhonn tacaíocht AE a aimsiú sa réimse seo ar shlí níos fearr amach anseo.
- Tacú le hobair don Roinn Cateachais Phoiblí agus Athchóirithe le haird ar athchóiriú na hearnála poiblí.
- Obair tacaíochta d’atheagrú rialtais áitiúil i gCorcaigh. Thug an fhoireann taighde tacaíocht don nGrúpa Sainchomhairleach Rialtas Áitiúil Chorcaí agus don nGrúpa Maoirseachta um Chur i bhFeidhm Rialtais Áitiúil Chorcaí a tháinig ina dhiaidh.
- Eagarthóireacht iris an Fhorais *Administration*, a gcuirtear ceithre eagrán de amach in aghaidh na bliana.

Sa bhliain 2017 críochnaíodh roinnt tionscadal agus cuireadh tús le roinnt tionscnaimh fhoilsitheoireachta nua. De réir straitéis foilsitheoireachta an Fhorais atá faoi mhaoirseacht Choiste Foilsitheoireacht Leabhar an Fhorais críochnaíodh roinnt téacsanna nó faomhadh i gcomhair a bhfoilsithe iad:

- *Towards the Era of Lifelong Learning: A History of Irish Education 1800–2016*, leis an Ollamh John Coolahan.
- *Human Resource Management in Ireland (cúigiú eagrán)*, le Patrick Gunnigle, Noreen Heraty agus Michael J. Morley.
- *Judicial Power in Ireland*, le Eoin Carolan (eag.). Mórobair atá curtha in eagar í seo le rannchuidiú ó roinnt breithiúna, lucht dlí acadúil agus saineolaithe ardchéimíúla. Foilseofar in 2018 é.
- *No Artificial Limits: Ireland’s Regional Technical Colleges*, le Richard Thorn. Tá sé i gceist é a fhoilsiú go luath in 2018.
- *Directory of Irish Parliamentarians*, le Tony White. Tá sé i gceist é a fhoilsiú in 2018.
- *Envoy Extraordinary: Professor Smiddy of Cork*, le Eda Sagarra. Tá sé i gceist é a fhoilsiú in 2018.
- *Local Government in the Republic of Ireland*, le Mark Callanan. Tá an leabhar seo dírithe go mór mór ar rialtas áitiúil na linne seo agus tá sé i gceist é seo a fhoilsiú in 2018 freisin.

Chuir an Foras réimse leathan idirghabhálacha foghlama agus forbartha sainoiriúnaithe, cúrsaí poiblí agus seirbhísí speisialaithe ar fáil i réimsí na ceannaireachta agus bainistíochta earnála poiblí, bainistíocht acmhainní daonna, rialachas, cuntasáíocht, bainistíocht airgeadais, cosaint sonraí agus Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí (GDPR), dlí riaracháin, iniúchóireacht agus teicneolaíocht faisnéise lena n-áirítear cláir chreidiúnaithe as a leanann ballraíocht fhoirmiúil de chomhlachtaí gairmiúla. Le linn 2017 d’obair an Foras i gcomhar le mórán ranna rialtais, údarás áitiúla agus le hearnáil na ngníomhaireachtaí stáit chun cláir shainoiriúnaithe a cheapadh agus a sheachadadh. Áirítear orthu seo Forbairt Ghráid i gcomhair na gráid Oifigeach Cléireachais (CO), Oifigeach Feidhmiúcháin (EO), Ardoifigeach Feidhmiúcháin (HEO) agus Príomhoifigeach Cúnta (AP) sa Státseirbhís; forbairt Ceannaireachta agus Bainistíochta, Rialachas, Bainistíocht Airgeadais, Bainistíocht Riosca; Dlí Riaracháin; agus Bainistíocht Acmhainní Daonna. Lean an Foras air ag tairiscint clár i gcomhair ballraíochta foirmiúla comhlachtaí gairmiúla lena n-áirítear MII (Institiúid Eadránaithe na hÉireann) agus CIPD (Institiúid Chairte um Phearsanra agus Forbairt) chomh maith le cláir iniúchóireachta creidiúnaithe le CIPFA (Institiúid Chairte Airgeadais agus Cuntasáíochta). Lean an Foras air, i gcomhpháirtíocht le Gníomhaireacht Bainistíochta an Rialtais Áitiúil, ag feidhmiú i ról meantóireachta don diorma céimithe rialtais áitiúil a bhí fágtha. Mheall ár gClár Dúshlán Ceannaireachta (Leadership Challenge) bainisteoirí sinsearach a ó gach earnáil den tseirbhís poiblí, rialtas láir agus rialtas áitiúil agus earnálacha leath-stáit san áireamh.

Lean an Fóram Rialachais air i mbun fáis agus foráis mar fhreagra don líon mór saincheisteanna agus dúshlán i dtaobh rialachais nach mór do bhaill an fhórais aghaidh a thabhairt orthu. Bhíothas ag díriú go háirithe ar fheidhmiú céimneach *an Chóid Chleachtais do Rialachas Chomhlachtaí Stáit* agus ar threoir bhreise maidir le hoibleagáidí sainiúla um chomhlíonadh le haghaidh comhlachtaí stáit agus d'eintitis shochair phoiblí in 2017. Mar bhuaicphointe reáchtáladh imeacht i mí na Nollag ar ar fhreastail an tAire Paschal Donohoe, TD agus ionadaithe ar an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste agus ar an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe. Lena chois sin chabhraigh an Fhoireann Rialachais agus aonaid speisialtóra le heagraíochtaí athbheithniú neamhspleách a dhéanamh ar chomhlíonadh oibleagáidí i gcúrsaí dlí, rialúcháin agus rialachais, i dtaobh athbheithnithe ar éifeachtacht bhoird, cur i ngníomh córais bhainistithe riosca, measúnú boird agus coistí boird, meastóireachtaí cumais agus seirbhísí a bhaineann leis, agus chabhraigh siad trí comhairle a chur orthu maidir le saincheisteanna rialachais éagsúla san earnáil phoiblí agus san earnáil stáit.

Le linn 2017 lean Seirbhísí Idirnáisiúnta lena sainchúram, is é sin, riarachán poiblí éifeachtach a chur chun cinn agus a fhorbairt go hidirnáisiúnta agus barrchleachtas a thaispeáint ó sheirbhís phoiblí na hÉireann. Lean Seirbhísí Idirnáisiúnta de bheith ag comhoibriú leis an Roinn Gnóthaí Eachtracha agus Trádála chun clár tacaíochta a sheachadadh do na Balcáin Thiar. In 2017 d'oibrigh Seirbhísí Idirnáisiúnta den chéad uair leis an Oifig um Choimisiúnú Státseirbhíse (OCSC) i Ríocht Rialta na Téalainne. Mar chuid dá straitéis chun feidhmíocht agus cáilíocht seirbhíse a fheabhsú trí státseirbhísigh thréitheacha Téalannacha a ullmhú agus a choinneáil le haghaidh ról saineolaithe agus ról bhainistíochta reáchtálamar dhá chlár oiliúna um thógáil cumais: (i) Ardchlár Bainistíochta Poiblí agus Ceannaireachta agus (ii) Líonra Tallainne.

Mar a luadh i dtuarascálacha roimhe seo tá cúrsaí airgeadais an Fhorais agus a líon foirne cobhsaithe mar thoradh ar bhearta ceartaithe atá glactha ag an mBord agus atá curtha i ngníomh ag an bhfoireann. Cuireadh feidhmíocht airgeadais mhaith i dtaifead i dtaobh 2017. Is príbléid é don bhForas foireann fhíorchumasach phroifisiúnta thiomanta a bheith aige, mar aon le lucht láidir comhghleacaithe. Tá an fhoireann thar a bheith tábhachtach chun ár misean agus ár bhfís a chur i gcrích. Táimid tiomanta do thacú lenár bhfoireann maidir lena bhforbairt, idir ghairmiúil agus phearsanta, chun deis a thabhairt dóibh a gcuid oibre a dhéanamh go sármhaith agus chun freastal go héifeachtach ar riachtanais na seirbhíse poiblí atá ag athrú.

Ba mhaith liom buíochas a ghabháil go pearsanta le Cathaoirleach Bhord an Fhorais Riaracháin agus a chuid ball agus le foireann an Fhorais go léir, as a ndíograis agus a dtiomantas leanúnach d'obair an Fhorais Riaracháin.



Dr. Marian O'Sullivan

An Dr Marian O'Sullivan
Ard-Stiúrthóir



03

Oideachas

Oideachas

Is é an Foras Riaracháin an príomh-shainsoláthraí oideachais don tseirbhís phoiblí in Éirinn. Tá tábhacht ar leith ag baint le seirbhísí oideachais an Fhorais i láthair na huairé ina bhfuil athnuachan agus athrú ar siúl sa tseirbhís phoiblí. Tá ár gcuid clár dírithe ar scileanna agus eolas speisialtóra a sholáthar mar aon le tuiscint ar bhonn leathan ar bheartas poiblí, scileanna anailíse agus deis dul ar aghaidh ó dhámhachtainí leibhéil 6 suas chuig leibhéal 10 ar Chreat Náisiúnta na gCáilíochtaí. Lena chois sin tá na cláir ceaptha chun seirbhís sholúbtha phearsantaithe a chur ar fáil d'fhonn éascaíocht a dhéanamh do mhicléinn a atá ag obair go lánaimseartha agus d'fhonn tacú leo. Sa chomhthéacs sin tá tábhacht

ar leith ag baint le soláthar tacaíochta ar líne do mhicléinn ag an bpointe seo. Le linn an chúlú eacnamaíochta ar fad a bhí ann le déanaí níor tháinig aon athrú ar líon na macléinn a d'fhreastail ar chlár de chuid an Fhorais - go deimhin, bhí méadú ann ag an leibhéal iarchéime, agus lean an treocht seo ar aghaidh in 2017.

In 2017 lean an Foras air ag soláthar seirbhísí do mhicléinn idirnáisiúnta. Bhí breis is caoga macléinn ó choláistí sna S.A. rannpháirteach i gcláir intéirneachta parlaiminte, bhí fiche macléinn ó na Séiséil ag staidéar ar an gclár MA i gCeannaireacht agus Straitéis agus rinne breis is céad macléinn ó Ollscoil Nanchang na Síne staidéar ar an gClár Diplóma i Staidéar Gnó.



Sa phictiúr (c-d) ag searmanais bhronnadh na gcéimeanna de chuid an Fhorais in 2017 i gCaisleán Bhaile Átha Cliath bhí Niamh Seoighe, MA Bainistíocht Phoiblí, agus Michelle Green, MA, Bainistíocht Phoiblí.

CLÁIR CHREIDIÚNAITHE DE CHUID OLLSCOIL NÁISIÚNTA NA HÉIREANN AGUS COLÁISTE OLLSCOILE BHAILE ÁTHA CLIATH

Idir 2001 agus 2011 bhí an Foras Riaracháin ina choláiste aitheanta de chuid Ollscoil Náisiúnta na hÉireann. Glacadh leis an bhForas Riaracháin mar choláiste aitheanta de chuid Choláiste Ollscoile Bhaile Átha Cliath in 2011. Gheobhaidh micléinn a chláraigh i gcláir oideachais ó Mheán Fómhair 2011 cáilíochtaí a bheidh creidiúnaithe ag COBÁC. Reachtáladh an searmanas bronnta do chlár atá

creidiúnaithe ag COBHÁC ar an 1 Nollaig 2017. Bronnadh dámhachtain ar 890 gcéimí. Bronnadh teastais ó COBHÁC ar 432 mhacléinn eile.

Sa bhliain 2017 thairg an Foras sraith de chlár chéime agus iarchéime a chuimsigh gach leibhéal ó leibhéal 6 go leibhéal 10 ar Chreat Náisiúnta na gCáilíochtaí.



Sa phictiúr seo ag bronnadh na gcéimeanna 2017 de chuid an Fhorais i gCaisleán Bhaile Átha Cliath bhí Eddie Meegan, MA, Bainistíocht Rialtais Áitiúil.

CLÁIR CHÉIME

Tairgeadh na príomhchláir, is iad sin an Baitsiléir Ealaíon (Onóracha) agus an Baitsiléir Staidéar Gnó (Onór.), i dtrí mhodh seachadta difriúla: léachtaí sa bhForas Riaracháin, léachtaí in ionaid réigiúnacha agus trí chianoideachas/foghlaim chumaisc. Sa bhliain 2017 tairgeadh seacht gcinn de speisialtóireachtaí ar an gclár Baitsiléara Ealaíon (Onór.) agus ceithre cinn ar an gClár Baitsiléara Gnó (Onór.). Lena chois sin thairg an Foras réimse leathan clár teastais agus diplóma idir Dhlí agus Staidéar Ríomhaireachta agus idir Bhainistíú Rialtais Áitiúil agus Sholáthar Poiblí. Clár bliana atá á thairiscint i gcomhar leis an bPríomh-Oifig Staidrimh is ea an Diplóma Gairmiúil i Staidreamh Oifigiúil le haghaidh Measúnú Beartais. In 2017 bhí an dara iontógáil ag an gcúrsa Diplóma Gairmiúil i gCearta an Duine agus Comhionannas a sholáthraítear i gcomhar le Coimisiún Cearta an Duine agus Comhionannas na hÉireann. Chláirigh daichead macléinn. é. Ar an iomlán, bhí breis is 1,200 macléinn cláraithe inár gcuid clár céime in 2017.

CLÁIR IARCHÉIME

Bliain choiteann is ea an chéad bhliain de chlár MA an Fhorais, agus bronnar Diplóma Iarchéime i mBainistíocht Phoiblí ina taobh. Sa dara bliain, gabhann na micléinn ar aghaidh chuig sainréimse agus tá rogha seacht gceann ar fáil dóibh. In 2017 bhí 180 macléinn san iomlán cláraithe ar chlár Mháistreachta Ealaíon.

Clár dhá bhliana is ea an Mháistreacht Eolaíocht Eacnamaíochta in Anailís Bheartais. Bronnfar Diplóma Iarchéime in Anailís Bheartais ag deireadh na chéad bhliana. Déanann na micléinn staidéar ar réimse ábhar a bhaineann le beartas sa chéad bhliain agus bíonn siad ag obair ar thráchtas fheidhmeacha sa dara bliain. In 2017 chláirigh ochtar macléinn déag i mbliain a haon den gclár agus chláirigh deichniúr macléinn i mbliain a dó.

Cuireadh tús leis an gClár Máistreacht Eolaíochta i nGnó agus Bainistíocht i mí Mheán Fómhair 2011. Clár páirtaimseartha dhá bhliana is ea an MSc seo. Bhain an chéad dream de chéimithe an chlár a gcuid céimeanna amach i mí na Nollag 2013. Cláraíodh ionghabháil nua d'fhiche macléinn ar an gclár in 2017.

Clár a leanann ar aghaidh ar feadh bliana amháin is ea an Teastas Gairmiúil i Rialachas. Cuireadh ar fáil ar dtús é in 2011. Bhí seachtó macléinn cláraithe sa chlár in 2017.

Cuireadh tús leis an gclár Dochtúireachta i Rialachas in 2003, agus bronnadh céimeanna ar an chéad grúpa céimithe in 2006. Idir 2003 agus 2011 bhí an clár Dochtúireachta i Rialachas á thairiscint i gcomhar le hOllscoil na Banríona, Béal Feirste. In 2011 ghlac an Foras le socrú nua chun an clár a chur ar fáil i gcomhar le COBÁC. Bronnadh a chéim ar an chéad chéimí den chomhchlár dochtúireachta de chuid an Fhorais Riaracháin agus COBÁC in 2015. Sa bhliain 2017 bhí daichead macléinn cláraithe sa chlár dochtúireachta.



An Dr Michael Mulreany
Ard-Stiúrthóir Cúnta

THE PRACTICE OF HUMAN
RESOURCE MANAGEMENT

RESEARCH PAPER

20



STATE OF THE PUBLIC SERVICE SERIES

JOANNA O'RIORDAN
JULY 2017



04

Taighde

Taighde



Tá foireann bheag, lánaimseartha, thiomnaithe ag an bhForas Riaracháin atá ag tabhairt faoi thaighde feidhmeach do ranna rialtais agus comhlachtaí eile de chuid na hearnála poiblí. In 2017 leanadh ar aghaidh leis an tsraith taighde ‘Bail na Seirbhíse Poiblí’ agus leis an tsraith taighde ‘Rialtas Áitiúil’ atá idir lámha ag an bhForas. Leis na tionscnaimh seo déantar claoclú na seirbhíse poiblí a rianú agus cuirtear radharc ar athrú na seirbhíse poiblí ar fáil a bhfuil fianaise mar bhonn eolais aige. Ar an gcuma seo déantar rannchuidithe tábhachtacha do na meáin agus gníomhaíochtaí eile de chuid an Fhorais a éascú. Tá sé seo ag teacht leis an gcuspóir straitéiseach arb í bonn eolais a chur faoi phlé, faoi dhíospóireacht agus faoi chleachtas i dtaobh treo na seirbhíse poiblí mar atá sí faoi láthair agus mar a bheidh sí amach anseo.

Faoin tsraith ‘Bail na Seirbhíse Poiblí’ foilsíodh dhá thuarascáil in 2017 agus cuireadh tús le staidéar eile de bhreis orthu siúd:

THE PRACTICE OF HUMAN RESOURCE MANAGEMENT (CLEACHTAS NA BAINISTÍOCHTA ACMHAINNÍ DAONNA)

Sa tuarascáil seo tugtar forbheathnú ar bhainistíocht acmhainní daonna. Is síor-dhúshlán d’Acmhainní Daonna é an tábhacht atá lena thaispeáint gur fearr a chruthaíonn eagraíochtaí má chuirtear deachleachtais Acmhainní Daonna i bhfeidhm. Is é an spreagadh atá leis ná a chruthú nach costas don eagraíocht í Acmhainní Daonna ach go méadaíonn sí a luach. Tá mórchuid an taighde sa réimse seo bunaithe ar an mbunúsicint go bhfeabhsaíonn deachleachtais Acmhainní Daonna spreagadh agus tiomantas na foirne, rud a imríonn deathionchar ar tháirgeacht agus ar fheidhmíocht ar a sheal.

I mórán eagraíochtaí cuireann an iliomad ról a iarrtar ar Acmhainní Daonna a chomhlíonadh dúshlán faoi - ról an riarthóra, an chomhpháirtí straitéisigh, ról an iomaitheora, cosantóir na deabhainistíochta daoine, caomhnóir luachanna na heagraíochta, coinsias na heagraíochta agus gobhanóir. Aimsítear an chothromaíocht cheart má dhéanann Acmhainní Daonna infheistíocht ina cumas féin agus má éisteann sí go gníomhach le riachtanais agus le himní na mbainisteoirí agus na mball foirne. Faoi dheireadh thiar níl aon tsamhail barrchleachtais Acmhainní Daonna is fearr. Ní mór don bhfeidhm laistigh de gach eagraíocht a cur chuige féin a chothú ar thuiscint dhomhain atá bunaithe ar fhianaise, ar mhisean agus ar chultúr a heagraíochta féin. Is féidir an tuarascáil seo a íoslódáil ag https://www.ipa.ie/_fileUpload/Documents/THE_PRACTICE_OF_HRM.pdf

PUBLIC SECTOR TRENDS 2017 (TREOCHTAÍ SAN EARNÁIL PHOIBLÍ 2017)

Sa tuarascáil seo círtar na treochtaí i bhforbairt na hearnála poiblí agus is í seo an t-ochtú ceann inár sraith bhliantúil í. Is é atá i gceist léi ná cabhrú chun bonn eolais a chur ar fáil don bplé faoi earnáil phoiblí na hÉireann agus faoin ról atá aici i sochaí na hÉireann. Trí úsáid a bhaint as sonraí a tiomsaíodh ó roinnt foinsí éagsúla, cuirtear eolas i láthair ar mhéid agus costas na hearnála poiblí, cáilíocht an riaracháin phoiblí, éifeachtacht agus feidhmíocht, agus ar leibhéil iontaoibhe agus muiníne ar shlí shimplí atá gear cruinn mar sin féin. Is féidir an tuarascáil a íoslódáil ag [https://www.ipa.ie/_fileUpload/Documents/PublicSectorTrends2016%20\(1\).pdf](https://www.ipa.ie/_fileUpload/Documents/PublicSectorTrends2016%20(1).pdf)

Cuireadh tús le staidéar cáis ina ndéantar athbhreithniú ar chumasc na Gníomhaireachta um Chaomhnú an Chomhshaoil le hIar-Institiúid um Chosaint ar Raideolaíocht in Éirinn a tharla i mí Lúnasa 2014. Meastar go bhfoilseofar an staidéar seo in 2018.

Faoin tsraith ‘Rialtas Áitiúil’ críochnaíodh agus foilsíodh tuarascáil amháin agus críochnaíodh tuarascáil eile.

€300 MÍLE - TÁ CEAD CAINTE AGAT: MEASTÓIREACHT AR BHEART BUISÉIDITHE RANPHÁIRTÍOCH PÍOLÓTACH CHOMHAIRLE CHONTAE BHAILE ÁTHA CLIATH THEAS

Próiseas is ea buiséidiú rannpháirtíoch inar féidir leis an bpobal a bheith rannpháirteach go díreach i leithdháileadh airgeadais phoiblí áitiúla. Forbraíonn cónaitheoirí tograí tionscadail dá gceantar áitiúil agus déanann siad vótáil ar na tograí gearrliostaithe chun tograí buaiteacha a roghnú a chuirfeadh i ngníomh sa cheantar.

Comhairle Chontae Bhaile Átha Cliath Theas a reáchtáil an chéad bhabhta píolótach buiséadaithe rannpháirtíoch riamh in Éirinn in 2017 (bhí an branda ‘€300 míle - Tá cead cainte agat’). Leithdháil Comhairle Chontae Bhaile Átha Cliath Theas €300,000 ar an bpróiseas buiséidithe rannpháirtíoch agus roghnaigh ceann amháin de shé cinn de thoghranna áitiúla i gContae Bhaile Átha Cliath Theas trí chranncur chun an beart píolótach a reáchtáil ann. Ba é toghroinn Leamhcáin an ceantar a roghnaíodh, ceantar ar a n-áirítear Baile Phámar agus Maigh Arnaí, leis.

D'éirigh leis an mbeart buiséidithe rannpháirtíoch agus thaitin sé go mór leis an bpobal. Is léir sin ón bhfreagra ar cheist i suirbhé ar rannpháirtithe an bhuiséidithe rannpháirtíoch, is é sin, cé acu ar mhaith nó nár mhaith leo go réachtálfá an próiseas buiséidithe uair eile: Dúirt 94% gur mhaith leo agus ní raibh ach 6% i gcoinne an próiseas a réachtáil uair eile. Sa tuarascáil seo leanar an tionscnamh buiséidithe rannpháirtíoch óna thús go dtí gur roghnaíodh na tograí buaiteacha. Sa tuarascáil díreotar aird ar gnéithe den bheart ar éirigh go maith leo agus saináithnítear réimsí feabhais. Is féidir an tuarascáil seo a íoslódáil ag https://www.ipa.ie/_fileUpload/Documents/SDCC_300k_REPORT2017.pdf

Críochnaíodh tuarascáil ar fhorbairt eacnamaíoch áitiúil atá le foilsiú in 2018. Sa tuarascáil seo cíortar ról rialtais fo-náisiúnta i bhforbairt eacnamaíoch áitiúil. Tugtar forbhreathnú gairid inti ar chás na hÉireann mar atá sé faoi láthair, saináithnítear treochotha idirnáisiúnta agus cuirtear samplaí den ról i láthair atá ag údarais áitiúla i bhforbairt eacnamaíoch i ndlínsí eile.

Rud eile maidir le rialtas áitiúil ab ea páipéar scóipe dar teideal *Cothabháil Tithíochta an Údarais Áitiúil*: Ullmháíodh an Cás ar son Bainistíocht Straitéiseach Sócmhainní do choiste tithíochta agus tógála an Chumann Bainistíochta Chontae agus Chathrach.

Ar na réimsí oibre eile a raibh an fhoireann taighde ag gabháil dóibh in 2017 áirítear:

- Staidéar coimisiúnaithe a chríochnú do The Atlantic Philanthropies ar cheachtanna ó infheistíochtaí a rinne The Atlantic Philanthropies agus Rialtas na hÉireann le chéile ar bhonn comhpháirtíochta. Foilseofar an obair seo in 2018. Le linn 2017 foilsíodh torthaí comhrá comhstádaís mar chuid den staidéar d'fhonn plé a dhéanamh ar an tslí inar féidir leis an rialtas agus daonchairdeas comhoibriú go héifeachtach. Tá an tuarascáil ar fáil ag <https://www.atlanticphilanthropies.org/research-reports/learning-lessons-from-the-atlantic-philanthropies-and-the-irish-government-working-together>
- An rannchuidiú Éireannach do thionscadal atá coimisiúnaithe ag an AE a sholáthar dar teideal 'Support for Developing Better Country Knowledge on Public Administration and Institutional Capacity Building' (European Public Administration Country Knowledge – EUPACK), d'fhonn

eolas agus tuiscint ar stádas dinimic athchóirithe an riaracháin phoiblí i mballstáit AE a chur chun cinn, chomh maith le tacaíocht ón taobh amuigh a chur ar fáil chun feabhas a chur ar a cáilíocht d'fhonn tacaíocht AE a aimsiú sa réimse seo ar shlí níos fearr amach anseo.

- Obair tacaíochta don Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe le haird ar athchóiriú na hearnála poiblí. Mar chuid den obair seo cuireadh ball foirne ar bhord an tionscadail a ceapadh chun maoirseacht a dhéanamh ar fhorbairt an phlean um athchóiriú na seirbhíse poiblí le linn 2017.
- Obair tacaíochta d'atheagrú rialtais áitiúil i gCorcaigh. Thug an fhoireann taighde tacaíocht don nGrúpa Sainchomhairleach Rialtas Áitiúil Chorcaí agus don nGrúpa Maoirseachta um Chur i bhFeidhm Rialtais Áitiúil Chorcaí a tháinig ina dhiaidh.
- Taighde coimisiúnaithe d'Atlantic Philanthropies (Tuaisceart Éireann) ar bhainistíocht acmhainní daonna.
- Tús a curtha leis an gClár um 'Mheasúnú ar Sprioc Athchóiriú na Seirbhíse Poiblí' d'Ionad Seirbhíse Éifeachtacha. Beidh an obair seo ar siúl go dtí 2019.
- Teastas agus Diplóma i Staidéir Státseirbhíse agus Gníomhaireachtaí Stáit a sheachadadh.
- Eagarthóireacht ar iris an Fhorais *Administration*, a gcuirtear ceithre eagrán de amach in aghaidh na bliana. Tagann coiste comhairlithe eagarthóireachta na hirise le chéile uair sa bhliain. Tá lucht acadúil mór-le-rá ag a bhfuil cúlra bainistíochta poiblí agus polaitíochta ar an goiste seo.
- Foilsiú dhá eagrán den *Local Authority Times* agus den bhFeasachán Nuachta AE mar chuid de sheirbhís faisnéise d'údarais áitiúla ar fud na bliana.
- Ag cur le clár Oideachais agus Oilúna an Fhorais Riaracháin agus feidhmiú mar mhaoirseoirí tráchtas agus marcálaithe ar chlár iarchéime.
- Ag cur le Rannóg Foilsitheoireachta an Fhorais Riaracháin trí bheith bainteach le *Ireland – A Directory*, irisí agus leabhair.
- Foilseachán acadúla in irisí idirnáisiúnta agus cur le leabhair idirnáisiúnta faoi bhainistíocht poiblí.



An Dr Richard Boyle
Ceann Taighde, Foilsitheoireachta
agus Caidrimh Chorpáraide



05

Oiliúint & Forbairt

Oiliúint & Forbairt

Cuireann an Foras réimse leathan idirghabhálacha foghlama agus forbartha sainoiriúnaithe, cúrsaí poiblí agus seirbhísí speisialaithe ar fáil i réimsí na ceannaireachta agus bainistíochta earnála poiblí, bainistíocht acmhainní daonna, rialachas, cuntasáocht, bainistíocht airgeadais, iniúchóireacht agus TF, cláir chreidiúnaithe san áireamh, as a leanann ballraíocht fhoirmiúil de chomhlachtaí gairmiúla. Le linn 2017 bhí an Foras ag obair i gcomhar le ranna rialtais, údarás áitiúla, comhlachtaí agus gníomhaireachtaí stáit agus leis an earnáil neamhbhrabúis chun cláir shainoiriúnaithe a cheapadh agus a sheachadadh. Orthu siúd áirítear Forbairt Ghráid do na gráid seo: Oifigeach Cléireachais, Oifigeach Feidhmiúcháin, Ardoifigeach Feidhmiúcháin



agus Príomhoifigeach Cúnta sa Státseirbhís, Forbairt Ceannaireachta agus Bainistíochta; Rialachas; Bainistíocht Riosca; Iniúchadh agus Árachas; Iniúchadh Inmheánach; Bainistíocht Airgeadais; Slándáil TF agus Cibir; Rialachán Ginearálta Cosanta Sonraí agus Cosaint Sonraí; Bainistíocht Togra; Díl Riaracháin; agus Bainistíocht Acmhainní Daonna.

Lean an Foras air ag tairiscint clár i gcomhair ballraíochta foirmiúla comhlachtaí gairmiúla lena n-áirítear MII (Institiúid Eadránaithe na hÉireann) agus CIPD (Institiúid Chairte um Phearsanra agus Forbairt) chomh maith le cláir iniúchóireachta creidiúnaithe le CIPFA (Institiúid Chairte Airgeadais agus Cuntasáochta). Bhí ár gclár seanbhunaithe ar eadráin san áit oibre atá creidiúnaithe ag MII (Institiúid Eadránaithe na hÉireann) ag mealladh líon maith rannpháirtithe i gcónaí. Chuir an Teastas Bunleibhéil CIPD (Institiúid Chairte um Phearsanra agus Forbairt) i

gCleachtas Acmhainní Daonna tús leis an ochtú babhta ag deireadh 2017, agus tá an Dioplóma Bunleibhéil CIPD (Institiúid Chairte um Phearsanra agus Forbairt) ag leanúint ar aghaidh ag tairiscint conaire leantá dóibh siúd a bhfuil clár teastais á chríochnú acu. Cuireadh tús le seachadadh an Dioplóma Bunleibhéil CIPD i gCleachtas Foghlama agus Forbartha den chúigiú bliain i ndeireadh 2017 mar chonair leantach dóibh siúd a chríochnaíonn clár an Teastas Bunleibhéil CIPD. D'éirigh leis an tsraith sheimineár Forbartha Gairmiúla Leanúnaí do chuntasóirí agus gairmithe airgeadais na hearnála poiblí a thairgtear i gcomhar le heagraíochtaí cuntasáochta gairmiúla leanúint ar aghaidh chomh rathúil agus a bhí siad sna blianta roimhe seo. Eagraíodh imeacht eile in 2017 a bhí dírithe ar an tslí inar féidir le heagraíochtaí na rioscaí slándáil chibir a mhaolú agus mar is féidir le heagraíochtaí ullmhú i gcomhair na Rialachán AE nua um Chosaint Sonraí a thiocfaidh i bhfeidhm i mí Bhealtaine 2018.

Chríochnaigh an Foras an Clár Céime i Rialtas Áitiúil ar cuireadh tús leis i mí Bhealtaine 2015 i gcomhpháirtíocht leis an nGníomhaireacht Bainistíochta Rialtais Áitiúil. Sa dara bhliain den gclár chríochnaigh na céimithe an clár

creidiúnaithe ba rogha leo agus fuair siad creidiúnú próifisiúnta ó roinnt comhlachtaí próifisiúnta aitheanta lena mbaineann. Seachadadh sraith cúrsaí nua faoin gClár Náisiúnta d'Oiliúint agus forbairt Tithíochta (NHTDP) in 2017. Ar na cúrsaí teicniúla agus neamhtheicniúla seo a bhí dírithe go sainiúil ar chleachtóirí tithíochta na n-údarás áitiúil áiríodh Buneolas ar Thithíocht Shóisialta, Riaráistí Cíos agus Morgáiste a Chosc agus a Bhainistiú, Déileáil le hIompar Míshóisialta agus Córais Faisnéise a Bhainistiú.

Agus é dírithe ar sheirbhísigh phoiblí sinsearach agus ceaptha chun cumas ceannaireachta a fhorbairt, mheall an Clár Dúshlán Ceannaireachta foireann d'ochtair bainisteoirí sinsearach déag as gach earnáil den tseirbhís phoiblí, an rialtas lárnach agus áitiúil chomh maith le hearnálacha leath-stáit san áireamh. Seachadtar an clár i gcomhar le Cambridge Leadership Associates, Massachusetts,

SAM ina gcorpraítear foireann teagaisc shinsearach ó Scoil Rialtais John F. Kennedy ag Ollscoil Harvard agus foireann teagaisc ó Scoil Ghnó Warwick sa R.A. Tugtar deis do cheannairí sinsearach obair trí chur chuige ceannaireachta oiriúnaitheach i leith athraithe eagraíochtúil, dul chun cinn a dhéanamh maidir le dúshlán ceannaireachta agus saincheisteanna straitéiseacha reatha agus iad siúd a bheidh ag teacht, tuiscint a fhorbairt ar a gcuid cleachtas agus scileanna ceannaireachta agus tabhairt go gníomhach faoi chóitseáil an duine aonair ina mbaintear úsáid as ionstraimí cumais ceannaireachta 360°.

Ghlac triúr bainisteoirí is daichead ag a bhfuil róil riaracháin agus róil theicniúla ó dhá údarás is fiche páirt sa Chlár Ceannaireachta in Rialtas Áitiúil a seachadadh san earrach agus sa bhfómhar i gcomhpháirtíocht le foireann teagaisc shinsearach ó Scoil Ghnó Warwick agus le cleachtóirí sinsearach sa chóras rialtais áitiúil. Tá ceithre mhodúl sa chlár cónaithe seo agus tá sé dírithe ar luach poiblí a sheachadadh trí cheannaireacht oiriúnaitheach mar aon le cur chuige 'foghlaim gnímh' i dtaobh na ndúshlán ceannaireachta atá ag na rannpháirtithe. Tumtar na rannpháirtithe i ngníomhaíochtaí, stíleanna teagaisc agus cuir chuige éagsúla, tá mórán deiseanna foghlama idir píaraí acu agus tá teacht acu ar cheannairí sinsearach ó gach réimse den tseirbhís phoiblí chun radharc níos fairsinge a fháil agus tuiscint a fháil ar an dúshlán ceannaireachta faoi mar atá sé faoi láthair ina n-earnáil féin agus chun comhairle agus treoir a lorg maidir le deiseanna agus dúshlán ghairme atá rompu.

Lean an Fóram Rialachais air i mbun fáis agus foráis mar fhreagra don líon mór saincheisteanna agus dúshlán i dtaobh rialachais nach mór do bhaill an fhóraithe aghaidh a thabhairt orthu. Bhíothas ag díriú go háirithe ar fheidhmiú céimneach an Chóid Chleachtais do Rialachas Chomhlachtaí Stáit agus ar threoir bhreise maidir le hoibleagáidí sainiúla um chomhlíonadh le haghaidh comhlachtaí stáit agus d'eintitis shochair phoiblí in 2017. Mar bhuaiçphointe reáchtáladh imeacht i mí na Nollag ar ar fhreastail an tAire Paschal Donohoe, TD agus ionadaithe ar an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste agus ar an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe. I bhféilire na n-imeachtaí pléadh a lán saincheisteanna reatha maidir le rialachas. Bhí béim ar leith ar na téamaí seo a leanas: Athrú ar an Timpeallacht agus na hImpleachtaí i dtaobh Rialachas Eagraíochtaí, Cur i nGníomh Straitéise,

Socruithe Árachais, Róil agus Freagrachtaí Baill Bhoird, Measúnachtaí Boird agus Éifeachtacht Bord a fheabhsú, Cumarsáid agus na Meáin, Airgeadas do Bhaill Bhoird, Bainistíocht Riosca agus Inghlacthacht Riosca agus Coistí Iníúchóireachta agus Ionchais ag Dul i Méid. De bhreis ar chlár na n-imeachtaí tionóladh dhá chruinniú speisialta comhchéime do rúnaí boird agus cathaoirligh choistí iníúchóireachta inar cuireadh comhairle phraiticiúil agus forbheathnú ar fhorbairtí reatha sna réimsí rialachais tábhachtacha seo ar fáil.

Ar chlár na n-imeachtaí áiríodh an Chomhdháil bhliantúil um Dhea-rialachas a reáchtáladh ar an 16ú Márta agus inar tugadh faoin bpríomhthéama seo: 'An Bóthar chuig Prionsabail Rialachais Níos Fearr - Prionsabail, Rialacha nó Luachanna? Ag an gcomhdháil seo a spreag a lán smaointe, labhair Mark Griffin, ardrúnaí ag an Roinn Cumarsáide, Gníomhaíocht Aeráide agus Comhshaoil, Blanaid Clarke, Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath; Joe O'Toole, iar-sheanadóir agus uachtarán Comhdháil na gCeardchumann; Andy Burns, leas-uachtarán CIPFA (Institiúid Chairte Airgeadais agus Cuntasáíochta); agus Tom Coughlan, iar-phríomhfheidhmeannach Chomhairle Chontae an Chláir. Ar na buaicphointí eile a bhí againn sa bhliain bhí imeacht speisialta ar athbhreithnithe criticiúla tréimhsiúla ar ar áiríodh rannchuidiú le Lesley Ann Nash, Oifig Chomh-aireachta na R.A. Bhí baint gníomhach ag foireann Rialachais an Fhorais i gcuinnithe faisnéisithe faoi cheannaireacht agus chuir sí rannchuidithe agus sainchomhairle ar fáil do réimse leathan comhlachtaí agus gníomhaireachtaí stáit agus comhlachtaí agus gníomhaireachtaí sochair phoiblí.

Lena chois sin chabhraigh an Fhoireann Rialachais agus aonaid speisialtóra le heagraíochtaí trí athbhreithnithe neamhspleácha a thabhairt ar chomhlíonadh oibleagáidí, idir dhlí, rialachán agus rialachas, athbhreithnithe ar éifeachtacht bhoird, cur i ngníomh córais bhainistithe riosca, measúnacht ar bhoird agus ar choistí boird, meastóireachtaí inniúlachta agus seirbhísí gaolmhara chomh maith le comhairle ar shaincheisteanna éagsúla maidir le rialachas san earnáil phoiblí agus stáit. Ar na seirbhísí comhairleacha agus comhairleoireachta áiríodh sannacháin shuntasacha ina nedaítear socruithe um phleanáil riosca agus gnó, bainistíocht togra agus clár, forbairt eagraíochta shuntasach agus tograí um athrú.



Sa phictiúr (c-d) ag searmanas bronnta an Chláir d'Fhorbairt Chéimí Rialtais Áitiúil bhí Teresa Casserly, Ceannaireacht agus Bainistíocht agus Seirbhísí Idirnáisiúnta, An Foras Riaracháin, agus Tara Smith.

Bhí fás agus forás ag teacht ar a bhfuil á thairiscint againn sa réimse TF i gcónaí. Bhí éileamh ar oiliúint an úsáideora dheiridh, ar mheáin shóisialta agus ar shlándáil chibí. Lean an fhoireann uirthi ag tabhairt tacaíochta do mhodúil roghnaithe ar chlár ríomhaire atá creidiúnaithe ag COBHÁC; bhí micléinn ag freastal ar ranganna agus ag baint úsáide as áiseanna ríomhaireachta an Fhorais ag an am céanna.





Teresa Casserly
Stiúrthóir, Ceannaireacht agus
Bainistíocht agus Seirbhísí Idirnáisiúnta



Aidan Horan
Stiúrthóir, Rialachas, Acmhainní Daonna,
Teicneolaíocht Faisnéise agus Seirbhísí Airgeadais

Go hachomair, lean speisialtóirí an Fhorais orthu ag tacú le réimse leathan eagraíochtaí a raibh ag athrú mar chuid den bpróiseas athchóirithe ginearálta. Áirítear orthu eagraíochtaí sa rialtas lárnach agus sa rialtas áitiúil, gníomhaireachtaí leath-stáit agus comhlachtaí leasa poiblí. Tugadh an tacaíocht dóibh mar idirghabhálacha gairide foghlama agus forbartha, comhairle saíneolaí, tacaíocht chomhairleach agus cóitseáil fheidhmeannach.



06

Seirbhísí Idirnáisiúnta

Seirbhísí Idirnáisiúnta

Le linn 2017 lean Seirbhísí Idirnáisiúnta lena sainchúram, is é sin, riarachán poiblí éifeachtach a chur chun cinn agus a fhorbairt go hidirnáisiúnta agus barrchleachtas a thaispeáint ó sheirbhís phoiblí na hÉireann.

Lean Seirbhísí Idirnáisiúnta de bheith ag comhoibriú leis an Roinn Gnóthaí Eachtracha agus Trádála chun clár tacaíochta a sheachadadh do na Balcáin Thiar. Seachadadh ceardlann ar Cheannaireacht agus Bainistíocht Athruithe i mBeicéicí Mhontainéagró i mí Mhárta. Is é an chuspóir a bhí léi creatlach a chur ar fáil do na rannpháirtithe chun athrú a stiúradh agus a bhainistiú i dtimpeallacht idirnáisiúnta seirbhíse poiblí mar aon le haghaidh a thabhairt ar na mórdhúshláin a ghabhann leis an acquis a ghlacadh agus a chur i gníomh. D'fhreastail naonúr oifigeach meánchéime agus den chéim shinsearach ar an gceardlann. Tháinig siad ó haireachtaí agus gníomhaireachtaí éagsúla lena n-áirítear An Aireacht Chosanta, An Aireacht Ghnóthaí Eachtracha, An Aireacht Spóirt, An Aireacht um Chearta an Duine agus Mionlach, An Aireacht Riaracháin Phoiblí agus an Oifig um Chomhtháthú AE.

Lena chois sin - faoi choimirce an chlár seo freisin - thug naonúr baill foirne den nGníomhaireacht Seirbhíse Poiblí (CSA) na Boisia agus na Heirseagaivéine cuairt ar Éirinn i gcomhair clár trí lá ar bhainistíocht acmhainní daonna go luath i mí Bhealtaine. Tá an CSA díreach tar éis tús a chur le múnla atá bunaithe ar inniúlacht a thabhairt isteach chun iarratasóirí ar fhostáíocht i státseirbhís na Boisia agus na Heirseagaivéine a roghnú agus a chur faoi agallamh. Mheas an gníomhaireacht gur thráthúil é triail a bhaint as inniúlachtaí a úsáid ní hamháin chun iarratasóirí a roghnú ach i gcleachtais bainistíocht acmhainní daonna eile, leis. Orthu seo áiríodh pleanáil comharbais, oiliúint agus forbairt, breithmheas, luach saothair agus bainistíocht feidhmíochta i gcoitinne. Rinneadh é seo i gcomhthéacs na mórathruithe a tharla i dtaobh na nithe seo i státseirbhís agus i seirbhís phoiblí na hÉireann agus na n-athruithe atá ar siúl i gcónaí i seirbhís phoiblí na Boisia agus na Heirseagaivéine.

De bhreis ar chlár na mBalcáin Thiar chuaigh Seirbhísí Idirnáisiúnta i gcomhpháirtíocht le GOPA, sainchomhairleoireacht ón nGearmáin ar éirigh leis thairiscint a bhuanach le haghaidh Cúnamh Teicniúil an togra EuropeAid um Láidriú na Státseirbhíse Náisiúnta Oiliúint d'Institiúidí, Maenmar. Imlonnaíodh saineolaí ar Bhainistíocht Acmhainní Daonna ón bhForas go lánaimeartha idir mí Aibreáin agus mí

Dheireadh Fómhair 2017 chun obair a dhéanamh i mBord Cosanta Sibhialta an Aontais atá ar thairbhí an togra. Rinneadh obair ar fhorbairt churaclaim.

In 2017 d'oibrigh Seirbhísí Idirnáisiúnta den chéad uair leis an Oifig um Choimisiúnú Státseirbhíse (OCSC) i Ríocht Rialta na Téalainne. Mar chuid dá straitéis chun feidhmíocht agus cáilíocht seirbhíse a fheabhsú trí státseirbhísigh thréitheacha Téalannacha a ullmhú agus a choinneáil le haghaidh ról saineolaithe agus ról bhainistíochta réachtálamar dhá chlár oiliúna um thógáil cumais: (i) an Clár Ardbhainistíochta agus Ceannaireachta Poiblí agus (ii) Líonra Tallainne. Coimisiúnaíodh an tríú clár, clár a réachtálfar in 2018, mar d'éirigh go breá leis na cláir in 2017.



Ar na cuairteanna staidéir áiríodh toscaireacht shinsearach ón Ardstiúrthóireacht um Chúnamh Aontais Eorpaigh & Airgeadais in Aireacht Saothair agus Slándáil Shóisialaí na Tuirce, faoi thairbhí na hÉireann ar chórais bainistithe agus monatóireachta a bhaineann le Ciste Sóisialta na hEorpa agus faoi urramú barrchleachtas. Lena chois sin leanamar orainn ag cothú teagmhála le heagraíochtaí Eorpacha agus idirnáisiúnta ar nós institiúid na Téalainne um Thaighde Eacnamaíoch, toscaireacht rialtais shinsearach ón Mhaláiv agus Ambasadóir nua-cheaptha na Liotuáine. D'fhreastalaíomar ar chomhdháil DISPA (Stiúrthóirí Institiúidí agus Scoileanna Riaracháin Phoiblí) i dTailinn na hEastóine agus bhíomar inár n-óstaigh do chuairt mhalairte a maoiníodh ag ERASMUS.



Sa phictiúr tá Angsumalin Chatsuwawaree ag fáil a hArdeastas i mBainistíocht agus Ceannaireacht Phoiblí ón Fhoras Riaracháin.



Teresa Casserly
Stiúrthóir, Ceannaireacht agus
Bainistíocht agus Seirbhísí Idirnáisiúnta



07

Leabharlann &
Seirbhísí Eolais

Leabharlann & Seirbhísí Eolais

Is é an Foras an t-aon eagraíocht sa tír seo a bhfuil sainleabharlann don riarachán poiblí aige. Tá an leabharlann dírithe ar chomhairle agus rochtain ar fhaisnéis a chur ar fáil trí leabhair, irisí agus trí acmhainní ar líne.

Tá an leabharlann suite ar Bhóthar Lansdún. Cuireann sí seirbhís iasachta, thagartha agus faisnéise ar fáil do mhic léinn, d'fhoireann agus do bhaill an Fhorais. De bhreis air seo freagraítear ceisteanna ó dhaoine eile tríd an nguthán nó trí ríomhphost. Cuirtear rochtain ar fáil ar leabhair, irisí, bhunachair shonraí leictreonacha, thuarascálacha, staitisticí agus ar fhoilseacháin oifigiúla faoi réimse ghinearálta na bainistíochta poiblí. Clúdaíonn an tseirbhís seo réimse leathan ábhar lena n-áirítear bainistíocht, eacnamaíocht, socheolaíocht, dlí, coireolaíocht, sláinte, airgeadas agus rialtas áitiúil.



Is í aidhm na Leabharlainne an fhaisnéis cheart agus na hacmhainní cearta a chur ar fáil sa bhformáid is oiriúnaí i dtráth cuí do réimse cliant atá ilghnéitheach agus atá scaipthe ar réimse fhairsing gheografach.

Tá seomraí léitheoireachta ar fáil chun staidéar a dhéanamh, chun leabhair a léamh agus a fháil ar iasacht agus chun teacht a fháil ar acmhainní leictreonacha. Is féidir le micléinn cianoideachais leas a bhaint as an tseirbhís Leabharlainne tríd an ghuthán, trí ríomhphost nó trí rochtain ar bhunachair shonraí leictreonacha agus ar na mílte alt irise lán-téacs trí shuíomh gréasáin an Fhorais Riaracháin. Is féidir ábhair nach bhfuil á gcoinneáil ag an leabharlann a iarraidh trí sheirbhís iasachta idirleabharlainne agus is féidir earraí a sholáthar mar chóip chrua nó mar chóip leictreonach.

Le linn an téarma bíonn an Leabharlann oscailte ó 9.15 am go 8 p.m. Luan go Déardaoin, agus go dtí 5.15 p.m. ar an Aoine. Lena chois sin bíonn amanna oscailte teoranta i bhfeidhm ar fhormhór de Shathairn le linn an téarma. Tá eolas iomlán agus an t-eolas is deireanaí maidir le huaireanta oscailte ar fáil ar shuíomh gréasáin an Fhorais Riaracháin.



Patricia Trotter
Leabharlannaí



08

Foilsitheoireacht

Foilsitheoireacht

Tá baint ag obair Rannóg na bhFoilseachán le gníomhaíochtaí oideachais agus taighde níos leithne an Fhorais mar chuid de Scoil Whitaker Rialtais agus Bainistíochta. Is bunús tábhachtach eolais agus faisnéise í chun treoir a thabhairt do chleachtas an riaracháin phoiblí.



Sa bhliain 2017 críochnaíodh roinnt tionscadal agus cuireadh tús le roinnt tionscnaimh fhoilsitheoireachta nua.

LEABHAR A FOILSÍODH


De réir straitéis foilsitheoireachta an Fhorais atá faoi mhaoriseacht Choiste Foilsitheoireacht Leabhar an Fhorais críochnaíodh roinnt téacsanna nó faomhadh i gcomhair a bhfoilsithe iad.

Áirítear orthu seo:

- *Towards the Era of Lifelong Learning: A History of Irish Education 1800–2016*, leis an Ollamh John Coolahan. Sa leabhar seo rianaítear gach gné den oideachas foirmiúil mar a d'fhorbair sé thar 200 bliain. Sa leabhar seo taispeántar gur tharla aistriú paradíme idir 1980 agus 2016 i dtaobh beartais mar a bhog an stát diaidh ar ndiaidh i dtreo féachaint ar an oideachas mar eispéireas a mhaireann ar feadh an tsoil. Sheol an tAire Oideachais agus Scileanna, Richard Bruton, TD, an leabhar go foirmiúil i mí Mheán Fómhair. Eagraíodh roinnt seoltaí eile i mbaill éagsúla sa tír.



Sa phictiúr (c-d) ag seoladh an leabhair *Towards the Era of Lifelong Learning* bhí Richard Boyle, Ceann Taighde, Foilsitheoireachta agus Caidrimh Chorpáide, An Foras Riaracháin; John Coolahan, an t-údar; aoi oinigh Richard Bruton, TD, an tAire Oideachais agus Scileanna; agus Marian O'Sullivan, Ardstiúrthóir, An Foras Riaracháin.



- *Human Resource Management in Ireland* (cúigiú eagrán), le Patrick Gunnigle, Noreen Heraty agus Michael J. Morley. Sa leabhar seo a foilsíodh i mí Mheán Fómhair, tugtar forbheathnú cuimsitheach ar bhainistíocht acmhainní daonna na linne seo in Éirinn. Ag an am céanna tugtar aghaidh leis, ar fhorbairtí tábhachtacha sa réimse seo go hidirnáisiúnta. Leis an eagrán is deireanaí leantar den traidisiún deas ar cuireadh tús leis in 1990 le foilseachán an chéad leabhair ina bpléitear an t-ábhar go mion agus ar a raibh an teideal *Personnel Management in Ireland: Practice, Trends and Developments*. Ó shin i leith rinneadh athbheithnithe cuimsitheacha air in 1997, 2002, 2006, 2010 agus an t-eagrán is deireanaí in 2017.
- *Judicial Power in Ireland*, le Eoin Carolan (eag.). Mórobair atá curtha in eagar í seo le rannchuidiú ó roinnt breithiúna, lucht dlí acadúil agus saineolaithe ardchéimneacha. Is é is cuspóir léi ná a bheith ina himleabhar comhaimseartha le leabhair atá foilsithe ag an bhForas ar chraobh na reachtáíochta agus ar chraobh an fheidhmiúcháin chun plé a dhéanamh ar thrí cholún an stáit. Foilseofar an obair seo in 2018.
- *No Artificial Limits: Ireland's Regional Technical Colleges*, le Richard Thorn. Sa leabhar seo pléitear stair agus forbairt coláistí teicniúla réigiúnacha na hÉireann. I láthair na huaire níl aon téacs ar fáil faoi fhorbairt na snáithe tábhachtaí seo den riarachán poiblí in earnáil an oideachais. Foilsíodh go luath in 2018 é.

- *Directory of Irish Parliamentarians*, le Tony White. Leabhar uaimhianach é seo a rinneadh mar chomhartha ar chomóradh céad bliain an chéad thoghcháin do Dháil Éireann i mí na Nollag 1918 agus ar chéad chruinniú na Dála i mí Eanáir 1919. Is é is aidhm dó ná beathaisnéisí gearra a thabhairt ar na daoine uile a bhí na mbaill den Dáil agus den Seanad nó an dá cheann go dtí seo agus a bhí ar na daoine is mó a chuir leis an chéad chéad bliain de Stát na hÉireann. Foilseofar an obair seo in 2018.
- *Envoy Extraordinary: Professor Smiddy of Cork*, le Eda Sagarra. Chuir Timothy Aloysius Smiddy (1875-1962) le teacht chun cinn Saorstát na hÉireann idir pholaitiúil, eacnamaíoch, ó thaobh taidhleoireachta agus oideachais de agus le Poblacht na hÉireann ina dhiaidh sin. Cé gur bhain Smiddy a lán rudaí amach nár baineadh amach roimhe agus cé go raibh ról ar leith aige mar chomhairleoir don chéad tríúr ceann ar an Rialtas Sealadach agus an Saorstát níl mórán aithne air i staireolaíocht na hÉireann. Leis an bhfoilseachán seo ceartaítear an rud seo. Foilseofar an obair seo in 2018.
- *Local Government in the Republic of Ireland*, le Mark Callanan. Is é is cuspóir don leabhar seo ná eolas tosaigh a thabhairt don léitheoir ar chóras an rialtais áitiúil i bPoblacht na hÉireann. Tá an leabhar dírithe go mór mór ar rialtas áitiúil na linne seo. Tá sé i gceist é a fhoilsiú in 2018.

Lena chois sin foilsíodh roinnt tuarascála, thar ceann Rannóg Taighde an Fhorais. Áirítear orthu:

- *The Practice of Human Resource Management* [An tSraith Bail na Seirbhíse Poiblí Páipéar Taighde Uimh. 20], le Joanna O'Riordan;
- *Public Sector Trends 2017* [An tSraith Bailna Seirbhíse Poiblí Páipéar Taighde Uimh. 21], le Richard Boyle;
- *€300k – Have Your Say: Evaluation of South Dublin County Council Pilot Participatory Budgeting Exercise*, le Laura Shannon agus Richard Boyle;
- *Learning Lessons from The Atlantic Philanthropies and the Irish Government Working Together: Report of a Roundtable Dialogue*, le Richard Boyle.

IRELAND – A DIRECTORY

Foilsíodh *Ireland – A Directory 2018* i mí na Nollag. An tAire Stáit Mary Mitchell O'Connor, TD a sheol an tEolaire. Agus í ag caint ag an seoladh dúirt sí gur acmhainn luachmhar é *Ireland – A Directory 2018* don earnáil phoiblí agus an earnáil phríobháideach araon. Is é atá san Eolaire ná foinse eolais ilfhreastail a léiríonn Éire ar shlí chomhtháite sa bhaile agus thar lear araon.

ADMINISTRATION JOURNAL (AN IRIS ADMINISTRATION)

Foilsíodh ceithre eagrán d'iris an Fhorais, *Administration*, i gcaitheamh na bliana. Áiríodh air seo dhá shaineagrán: 'Democratic Revolution? Evaluating the Political and Administrative Reform Landscape after the Economic Crisis' agus 'How Policy and Budget Proofing can Advance Human Rights and Equality in Ireland'. Tá teacht saor in aisce ar fáil ar líne ar gach alt ó imleabhar 63 ar aghaidh: www.degruyter.com/view/j/admin

COMHAIRLEOIREACHT FOILSITHEOIREACHTA

Lean Rannóg na bhFoilseachán uirthi ag cur saineolais ar fáil ó thaobh tionscadail foilsitheoireachta a tháirgeadh agus a bhainistiú ar son eagraíochtaí eile na hearnála poiblí. Táirgeadh an *Irish Probation Journal* thar ceann na Seirbhíse Promhaidh agus Bord Promhaidh Thuaisceart Éireann (foilseachán Thuaidh/Theas).



An Dr Richard Boyle
Ceann Taighde,
Foilseitheoireachta agus
Caidrimh Chorpáraide



09

Buaiteoirí Gradam &
Duaiseanna

Buaiteoirí Gradam & Duaiseanna

Bronnadh dioplómaí, céimeanna baitsiléara agus céimeanna iarchéime ar 890 mac léinn san iomlán le linn 2017. Bhí na searmanais bhronnta ar siúl i gCaisleán Bhaile Átha Cliath Dé hAoine an 1 Nollaig 2017. Ba iad seo a leanas na duaiseanna a bronnadh ag na searmanais seo:

Baitsiléir Ealaíon (Onór.) (Bainistíocht Cúram Sláinte)

An Chéad áit: **Mary Reid**

Baitsiléir Ealaíon (Onór.) (Bainistíocht Acmhainní Daonna)

An Chéad áit: **Keith Hillick**

Baitsiléir Ealaíon (Onór.) (Dlí & Riarachán Ceartais)

An Chéad áit: **Kate Daly Ní Bhroin**

Baitsiléir Ealaíon (Onór.) (Rialtas Áitiúil)

An Chéad áit: **Alison King**

Baitsiléir Ealaíon (Onór.) (Bainistíocht)

An Chéad áit: **Paul McCann**

Baitsiléir Ealaíon (Onór.) (Bainistíocht Phoiblí)

An Chéad áit roinnte: **John Manning, John O'Reilly**

Baitsiléir Ealaíon (Onór.)/Baitsiléir Staidéir Ghnó (Onór.) (Bainistíocht TF)

An Chéad áit: **Séamus McCarthy**

Duais CIMA do Bhaitsiléir Staidéar Gnó (Onór.) (Cuntasaíocht)

An Chéad áit: **Emma Crosbie**

Baitsiléir Staidéar Gnó (Onór.) (Bainistíocht Acmhainní Daonna)

An Chéad áit: **Niamh Dooley**

Baitsiléir Staidéar Gnó (Onór.) (Margaíocht)

An Chéad áit: **Sharon Phelan**

Mac léinn Fochéime na Bliana 2017 de chuid Scoil Whitaker Rialtais agus Bainistíochta

An Chéad áit roinnte: **Kate Daly Ní Bhroin, Sharon Phelan**

Máistreacht Ealaíon (Dlí Coiriúil)

An Chéad áit: **Karl Moore**



Sa phictiúr ag searmanais bhronnta an Fhorais Riaracháin 2017 i gCaisleán Bhaile Átha Cliath bhí Bishal Jaiswal, Baitsiléir Staid. Gnó (Onór.), agus a iníon Maia.

Máistreacht Ealaíon (Bainistíocht Airgeadais)

An Chéad áit: **Jennifer Boer-Reid**

Máistreacht Ealaíon (Bainistíocht Cúram Sláinte)

An Chéad áit roinnte: **Joanna McGlynn, Clodagh Murphy**

Máistreacht Ealaíon (Bainistíocht Acmhainní Daonna)

An Chéad áit: **Stephanie Harris**

Máistreacht Ealaíon (Ceannaireacht agus Straitéis)

An Chéad áit: **Harry Lester**

Máistreacht Ealaíon (Bainistíocht Rialtais Áitiúil)

An Chéad áit: **Edward Meegan**

Máistreacht Ealaíon (Bainistíocht Phoiblí)

An Chéad áit: **Michelle Hardiman**

Dioplóma Iarchéime i mBainistíocht Phoiblí

An Chéad áit: **Pamela McDonnell**

Máistreacht in Eolaíocht Eacnamaíochtaí Anailís Bheartais

An Chéad áit roinnte: **Olwen Dawe, Eoin Halpin**

Dioplóma Iarchéime in Anailís Bheartais

An Chéad áit: **Robert O'Driscoll**

Máistreacht Eolaíochta i nGnó agus Bainistíocht (Bainistíocht Airgeadais)

An Chéad áit roinnte: **Anna Browne, Rebecca Murphy**

Máistreacht Eolaíochta i nGnó agus Bainistíocht (Bainistíocht Acmhainní Daonna)

An Chéad áit: **Mary McSharry**

Macléinn Iarchéime na Bliana 2017 de chuid Scoil Whitaker Rialtais agus Bainistíochta

Michelle Hardiman

Dioplóma Gairmiúil i Staidéar Tithíochta

An Chéad áit: **Andrew Loveland**

Dioplóma Gairmiúil i gCearta Daonna agus Comhionannas

An Chéad áit: **Stephen Large**

Dioplóma Gairmiúil i mBainistíocht Athraithe

An Chéad áit: **Anthony Macken**

Dioplóma Gairmiúil i Staidreamh Oifigiúil le haghaidh Measúnú Beartais

An Chéad áit roinnte: **Gillian Cronin, Andrew O'Sullivan**

Teastas Gairmiúil i mBainistíocht Togra

An Chéad áit: **Mary Hayes**

Teastas Gairmiúil i Rialachas

An Chéad áit: **Trevor Moore**

Dioplóma i Staidéar Gnó

An Chéad áit roinnte: **Deborah Kelly, Lucy Pyne**

Dioplóma i Staidéir Státseirbhíse agus Gníomhaireachtaí Stáit

An Chéad áit: **Kieran Harrington**

Dioplóma i Staidéar Ríomhaireachta

An Chéad áit: **Rory Quinn**

Dioplóma in Eacnamaíochtaí Sláinte

An Chéad áit roinnte: **Laura Byrne, Áine Varley**

Dioplóma i mBainistíocht Chúram Sláinte

An Chéad áit roinnte: **Hugh Ramsay, Mairéad Walsh**

Dioplóma i mBainistíocht Acmhainní Daonna

An Chéad áit: **Pauline Stafford**

Dioplóma i nDlí

An Chéad áit: **Órla Gillen**

Dioplóma i Staidéar Rialtais Áitiúil

An Chéad áit roinnte: **Mary Elizabeth O'Brien, Ruairí O'Farrell**

Dioplóma i mBainistíocht



An Chéad áit: **Emer O'Neill**

Dioplóma i mBainistíocht Phoiblí

An Chéad áit: **Martina Walshe**

Dioplóma i Soláthar Poiblí

An Chéad áit: **Patricia Monahan**



10

For-rochtain

For-rochtain

Faoi mar a cuireadh in iúl i dtuarascálacha bliantúla roimhe seo, is é an Foras an eagraíocht atá tiomnaithe d'fhorbairt ghairm na seirbhíse poiblí. Dá thoradh sin, bítear ag brath go leanúnach ar shaineolas foireann an Fhorais i slite eile seachas soláthar seirbhísí díreach.

I gcaitheamh na mblianta ainmníodh agus comh-thoghadh baill foirne speisialtóireachta chuig réimse bord, comhlachtaí agus coistí rialachais sa stát agus san earnáil phoiblí níos leithne mar bhaill agus mar hathaoirligh neamhspleácha gan fheidhm fheidhmiúcháin a bheith acu. Bhí na ról seo acu i gcónaí in 2017 agus áiríodh orthu poist ar choistí iniúchóireachta agus coistí riosca sa rialtas lárnach agus sa rialtas áitiúil agus i gcomhlachtaí agus i ngníomhaireachtaí rialúcháin agus stáit. Lena chois sin rannchuidigh baill foirne de chuid an Fhorais agus d'fheidhmíodar mar chathaoirligh ar choistí saineolais sa rialtas áitiúil i dtaobh réimsí ar nós athbhreithnithe teorann. Tá an tArd-Stiúrthóir ina bhall de roinnt líonraí Eorpacha agus líonraí ECFE chinn scoile agus institiúidí riaracháin phoiblí ar fud an domhain.

Déanann an Foras éascaíocht do roinnt líonraí neamhfhoirmiúla chun barrchleachtas a scaipeadh agus eolas, taithe agus saineolas a roinnt. Mar shampla, tacaíonn an Foras le líonra príomhfheidhmeannaigh chomhlachtaí stáit, le líonra cinn riaracháin i ngníomhaireachtaí stáit agus le fóram do chathaoirligh ar ghrúpálacha éagsúla na hearnála poiblí.

Le linn 2017, d'östaigh an Foras roinnt seimineár maidine chun comhphlé agus díospóireacht a chur chun cinn i measc státseirbhíseach sinsearach agus fostaithe sinsearacha na seirbhíse poiblí ar cheisteanna tábhachtacha.



11

Feidhmíocht Airgeadais

Feidhmíocht Airgeadais

Leagtar amach sna Ráitis Airgeadais seo a leanas oibríocht airgeadais an Fhorais i leith na bliana go mionsonraithe.

Tar éis roinnt blianta ina raibh deacrachtaí trádála ag an bhForas agus tar éis dá chuid cúrsaí airgeadais cobhsú le linn 2015 agus 2016 bhí barrachas €415 míle aige in 2017.

Léiríonn an barrachas méadú ar ghníomhaíocht sa timpeallacht trádála reatha atá dúshlánach i gcónaí.

Bhí tuillimh an Fhorais comhdhéanta de sheirbhísí oiliúna agus idirnáisiúnta (30%), ioncam ó tháillí oideachais (41%), ioncam ó thaighde (3%), ioncam ó fhoilseacháin agus ó bhallaíocht (4%), scaoileadh deontais chaipitil (1%) agus blocdheontas (21%) arna íoc ag an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

Tháinig méadú ar chostais dhíreacha an Fhorais (costais a thabhaítear de bharr a chuid cláir oideachais agus oiliúna a reáchtáil) le linn 2017 (de bharr leibhéil mhéadaithe gníomhaíochta). Ag an am céanna tháinig méadú ar chostais thuarastail toisc gur athchuireadh pá agus costais a ghabhann leis i gcásanna áirithe.

Ós rud é go bhfuil scéim phinsin á hoibriú ag an bhForas thar ceann an Státchiste ag an bpointe seo caitear leis an ranníocaíocht phinsin bhliantúil mar 'ranníocaíocht chuig an Státchiste' sna Ráitis Airgeadais. D'fhan an ranníocaíocht ag leibhéal na bliana 2016, isteach amach, is é sin, €1.444m. Leanann leibhéal na ranníocaíochta pinsin ón bhfostóir mar a bhíodh roimhe seo (ag 34.6% de thuarastail) tar éis don gciste a bheith aistrithe chuig Cúlchiste Náisiúnta Pinsin.

Tá na costais mhaoinithe ar an áis iasachta fadtéarmaí a úsáideadh chun Uimh. 55, Bóthar Lansdún a cheannach (ceannaithe i lár 2006), bunaithe ar rátaí úis idirbhainc de chuid an Bhainc Cheannais Eorpaigh. Leanadar sin ar aghaidh ag bonn íseal le linn 2017. Dá thoradh sin gearradh ús bliana iomláine €16,187, ar laghdú é i gcomparáid le €19,798 in 2016.

Maidir le bainistíocht airgeadais ar an iomlán, d'éirigh leis an bhForas a chuid airgeadais a chobhsú agus beagáinín a mhéadú le linn 2017. Lena chois sin tá cúlchistí Clár Comhardaithe an Fhorais go maith i gcónaí le breis is €13.6m.

IONCHAIS AIRGEADAIS LE hAGHAIDH 2018

Mar a dúradh thuas bhí feidhmíocht airgeadais an Fhorais go maith in 2017 agus meastar go leanfaidh sí ar aghaidh mar seo isteach i 2018.

Tá deontas bloic an Fhorais mar a bhí, is é sin €2.725m i gcomhair 2018, (an méid céanna agus a bhí ann in 2017). Tacaíocht dhearfach í seo óna mháthar-roinn.

Buiséadú do lamháltas 2018 de €12.0m atá déanta ag an bhForas le barrachas €117 míle. Tá sé i gceist ag an bhForas leanúint ar aghaidh le hearcaíocht réasúnta i bpríomhréimsí chun go mbeidh ar a chumas i gcónaí cláir a sholáthar agus leas a bhaint as deiseanna gnó a d'fhéadfadh teacht chun cinn.

COMHLÍONADH

Chomhlíon an Foras a chuid oibleagáidí maidir le hairgeadas, cánachas agus rialáil le linn 2017 agus lean sé air ag déanamh athbhreithnithe ar a chuid struchtúir rialachais chorpóraidigh agus iad a nuashonrú de réir *Cód Cleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit 2016*.

**AN FORAS RIARACHÁIN
(CUIDEACHTA FAOI THEORAINN RÁTHAÍOCHTA)**

**RÁITIS AIRGEADAIS
DON BHLIAIN DAR CRÍOCH
31 NOLLAIG 2017**

AN FORAS RIARACHÁIN
(Cuideachta faoi Theorainn Ráthaíochta)

CLÁR ÁBHAR	Uimh. Leathanaigh
STIÚRTHÓIRÍ AGUS FAISNÉIS EILE	38
RÁITEAS RIALACHAIS AGUS TUAIRISC NA STIÚRTHÓIRÍ	39
RÁITEAS AR RIALÚ INMHEÁNACH	48
TUAIRISC AN ARD-REACHTAIRE CUNTAS & CISTE	52
RÁITEAS IONCAIM AGUS CAITEACHAIS	56
RÁITEAS MAIDIR LE hIONCAM CUIMSITHEACH	57
RÁITEAS MAIDIR LE hATHRUITHE AR CHOTHROMAS	58
RÁITEAS MAIDIR LE STAID AIRGEADAIS	59
RÁITEAS SREAFÁÍ AIRGID	60
NÓTAÍ LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS	61-73

AN FORAS RIARACHÁIN

(Cuideachta faoi Theorainn Ráthaíochta)

STIÚRTHÓIRÍ AGUS FAISNÉIS EILE

Don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2017

STIÚRTHÓIRÍ

Martin O'Halloran (Cathaoir)
Marian O'Sullivan (Ard-Stiúrthóir)
Elizabeth Adams
Mark Callanan (Scortha Meitheamh 2017)
Raymond Dolan
Lucy Fallon-Byrne
Pat Gallagher
Carolyn Gormley (Ceaptha Meitheamh 2017)
Connie Kelleher
Paul Lemass
Fergal Lynch
Stephen Mulvany
Pat Naughton (Ceaptha Bealtaine 2017)
Siobhan O'Halloran

RÚNAÍ & OIFIG CHLÁRAITHE

Paul Turpin
59 Bóthar Lansdún
Baile Átha Cliath 4

INIÚCHÓIRÍ

Acht an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste
3A Sráid an Mhéara Uachtarach
Baile Átha Cliath 1

PRÍOMHBHAINCÉIRÍ

Banc Aontas Éireann
Lárionad an Bhainc
Droichead na Dothra,
Baile Átha Cliath 4

Banc KBC
Sráid Sandwith
Baile Átha Cliath 2

ATURNAETHA

Eversheds
Ardán Phort an Iarla
Baile Átha Cliath 2

**UIMHIR OIFIG CHLÁRÚCHÁIN NA
gCUIDEACHTAÍ**

21087

UIMHIR CHLÁRAITHE CHARTHANAIS

20008031

UIMHIR CHARTH. (COIMISINÉIRÍ IONCAIM)

5401

AN FORAS RIARACHÁIN

(Cuideachta faoi Theorainn Ráthaíochta)

RÁITEAS RIALACHAIS AGUS TUAIRISC NA STIÚRTHÓIRÍ

Don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2017

RIALACHAS

Bord an Fhorais Riaracháin

I mbunreacht an Fhorais Riaracháin (mar a leasaíodh in 2017) sonraítear comhdhéanamh an Bhoird agus na n-eagraíochtaí atá freagrach as baill a ainmniú chuig an mBord. Sna hAirteagail foráiltear leis, gur féidir ball amháin a cheapadh trí chomh-thoghadh.

Bhí Ballraíocht an Bhoird i gcomhair 2017 mar seo a leanas:

- An tUas. Martin O'Halloran (Cathaoirleach), POF, An tÚdarás Sláinte agus Sábháilteachta
- Marian O'Sullivan, Uas. (Ard-Stiúrthóir), An Foras Riaracháin
- An tUas. Fergal Lynch, Ard-Rúnaí An Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige
- An tUas. Stephen Mulvany, Príomhoifigeach Airgeadais, Feidhmeannas na Seirbhíse Sláinte
- Elizabeth Adams Uas., Stiúrthóir Forbartha Gairmiúla Cumann Altraí agus Ban Cabhrach na hÉireann (INMO)
- Carolyn Gormley, Uas., ionadaí foirne, An Foras Riaracháin (ceaptha Meitheamh 2017)
- An Dr Mark Callanan (scortha Meitheamh 2017)
- An tUas. Pat Naughton, Stiúrthóir Feidhmeach, An Grúpa Daoine agus Inmharthanacht, BSL (ceaptha Bealtaine 2017)
- An Dr Pat Gallagher, POF, Comhairle Chontae na hIarmhí
- An Dr Lucy Fallon-Byrne, Rúnaí Cúnta, An Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe
- An tUas. Raymond Dolan, POF, Safefood
- An tUas. Connie Kelleher, ionadaí na macléinn
- An tUas. Paul Lemass, Rúnaí Cúnta, An Roinn Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil
- An Dr Siobhan O'Halloran, Príomhoifigeach Altranais, An Roinn Sláinte

An Grúpa Bainistíochta Sinsearach, An Foras Riaracháin

Is í an Dr Marian O'Sullivan Príomh-Stiúrthóir An Fhorais Riaracháin agus mar Phríomhoifigeach Feidhmiúchán, is uirthi atá an fhreagracht dheiridh as gach oibríocht a bhíonn ar siúl ag an bhForas. Is é an Grúpa Bainistíochta Sinsearach atá freagrach as bainistíocht an Fhorais ar an iomlán.

Is iad seo a leanas Baill an Ghrúpa Bhainistíochta Shinsearaigh

- An Dr Marian O'Sullivan, Ard-Stiúrthóir
- An Dr Michael Mulreany, Ard-Stiúrthóir Cúnta, Cláraritheoir agus Ceann Scoil Rialachais agus Bainistíochta Whitaker
- Teresa Casserly, Uas., Stiúrthóir, Ceannaireacht agus Bainistíocht agus Seirbhísí Idirnáisiúnta
- An tUas. Aidan Horan, Stiúrthóir, Seirbhísí Oiliúna, Forbartha agus Comhairleoireachta
- An Dr Richard Boyle, Ceann Taighde, Foilsitheoireachta agus Caidrimh Chorporáide
- An Dr Cyril Sullivan, Stiúrthóir Airgeadais, TF agus Áiseanna (Eanáir 2017 go Meán Fómhair 2017)
- Christine McNally, Uas., Ceann Acmhainní Daonna
- An tUas. Joseph O'Malley, Stiúrthóir Airgeadais gníomhach, (Deireadh Fómhair 2017 go Nollaig 2017)

FREAGRACHTAÍ AN BHOIRD

Gnóthaí arna gcoinneáil don mBord

Sa *Chód Cleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit* tugtar cuntas ar na gnóthaí uile a choinnítear go sonrach le haghaidh cinnidh ón mBord. Coinnítear na príomh-ghnóthaí seo a leanas le haghaidh cinnidh ón mBord:

- An Tuarascáil Bhliantúil, an Buiséad Bliantúil agus an Plean Gnó Corporáide a fhaomhadh;
- Na Cuntais Bhliantúla a fhaomhadh;
- Téarmaí tagartha Coistí an Bhoird;
- Leibhéil údarais tharmligthe, beartas ciste agus beartais maidir le bainistíocht riosca.

AN FORAS RIARACHÁIN

(Cuideachta faoi Theorainn Ráthaíochta)

RÁITEAS RIALACHAIS AGUS TUAIRISC NA STIÚRTHÓIRÍ Don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2017

In Airteagail Chomhlachais an Fhorais leagtar amach ról an Bhoird agus ról an Ard-Stiúrthóra. Sna hAirteagail leagtar síos go 'mbeidh gnó an Fhorais á bhainistiú ag an mBord'. Leagtar síos:

1. Go mbeidh de chumhacht ag an mBord feidhmeanna gnó ar bith dá chuid agus cumhachtaí bainistíochta dá chuid a tharmligean don Ard-Stiúrthóir;
2. Téarmaí mór-chonarthaí a fhaomhadh;
3. Go mbeidh de chumhacht aige fo-choistí a cheapadh (lena n-áirítear iad siúd ag a bhfuil cumhachtaí an Bhoird), srl.;
4. Aidhmeanna agus cuspóirí an Fhorais a shocrú agus athbhreithniú a dhéanamh orthu agus athruithe beartais a shocrú;
5. A chinntiú go mbainfear na haidhmeanna seo amach trí bheartais a cheapadh agus athbhreithniú a dhéanamh orthu agus trí monatóireacht a dhéanamh ar sheoladh ghnó an Fhorais;
6. Buiséad agus pleananna corparáideacha bliantúla a shocrú/a fhaomhadh; an tArd-Stiúrthóir a cheapadh; agus ar mholadh ón Ard-Stiúrthóir, na hoifigigh eile siúd a cheapadh de réir mar a d'iarrfadh an Bord ó ham go chéile;
7. Mionathruithe suntasacha ar shochair phinsin an POF agus na foirne a fhaomhadh.

Is iad prionsabail an *Chóid Chleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit* 2016 a threoraíonn an Cathaoirleach agus an Bord go láidir.

Tá ar an Institiúid Ráitis Airgeadais a ullmhú i leith gach bliain airgeadais ar shlí a fhaomhfadh a tAire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe. Agus na Ráitis Airgeadais sin á n-ullmhú ní mór don bhForas:

- Beartais chuntasaíochta chuí a roghnú agus iad a chur i bhfeidhm go seasmhach ansin;
- A chinntiú go mbeidh breithiúnais agus meastacháin a dhéantar réasúnta stuama;
- A chur in iúl cé acu ar cloíodh nó nár cloíodh le caighdeáin chuntasaíochta is infheidhme, faoi réir imeachtaí ábhartha ar bith atá nochtá agus mínithe sna Ráitis Airgeadais;
- A chinntiú go léiríonn na Ráitis Airgeadais léargas fíor cruinn ar fheidhmíocht airgeadais agus ar staid airgeadais an Fhorais ag deireadh na bliana; agus
- Ráitis Airgeadais a ullmhú ar bhonn gnóthais leantaigh ach amháin mura cuí a thiomhdaí go leanfaidh an Foras ar aghaidh i mbun gnó.

Tá an Foras freagrach as taifid chuntasaíochta cuí a choinneáil a nochtann staid airgeadais an Fhorais le cruinneas réasúnta agus a chuireann ar a chumas a chinntiú go gcomhlíonann na Ráitis Airgeadais oibleagáidí an Chóid Chleachtais. Lena chois sin tá an Foras freagrach as a chuid sócmhainní a chosaint agus as céimeanna cuí a ghlacadh chun calaois nó neamhrialtachtaí eile a chosc agus a aimsiú.

Tá an Bord freagrach as an bplean gnó bliantúil agus an buiséad a fhaomhadh. Déantar feidhmíocht an Fhorais i gcomparáid leis an bplean gnó agus an buiséad bliantúil a mheas ag gach cruinniú Boird.

Measann an Bord go dtugtar léargas fíor cóir ar fheidhmíocht airgeadais agus ar staid airgeadais an Fhorais amhail an 31 Nollaig 2017 sna Ráitis Airgeadais.

AN FORAS RIARACHÁIN

(Cuideachta faoi Theorainn Ráthaíochta)

RÁITEAS RIALACHAIS AGUS TUAIRISC NA STIÚRTHÓIRÍ Don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2017

STRUCHTÚR AN BHOIRD

Tá comhdhéanamh an Bhoird mínithe i Meamram agus Airteagail an Fhorais Riaracháin.

Is deimhin leis an mBord nach bhfuil aon chaidreamh gnó ná haon chaidreamh eile ag a chuid ball a d'fhéadfadh cur isteach orthu go suntasach nó a bhféadfadh an dealramh sin a bheith air, agus iad i mbun breithiúnas neamhspleách a fheidhmiú.

Nochtann gach ball den mBord leas ar bith agus fágann siad má bhíonn plé agus cinntí ar siúl ag an mBord ina bhfuil coimhlint leasa acu nó a bhfuil leas díreach nó neamhdhíreach acu iontu, de réir mar a éilítear sa Chód Cleachtais.

Sonraítear ballraíocht an Bhoird agus téarmaí oifige i dTábla 1.

Tábla 1: Ballraíocht an Bhoird agus Téarmaí Oifige

Tag	Ainm	Ról	Dáta ceaptha	Éagfaidh an téarma reatha
1	An tUas. Martin O'Halloran	Cathaoirleach	Samhain 2012	Meán Fómhair 2018
2	Elizabeth Adams, Uas.	Gnáth-bhall	Meitheamh 2014	Meán Fómhair 2018
3	An Dr Mark Callanan	Gnáth-bhall	Meitheamh 2014	Meitheamh 2017
4	An tUas. Ray Dolan	Gnáth-bhall (Comhthofa)	Feabhra 2009	
5	An Dr Lucy Fallon-Byrne	Gnáth-bhall	Nollaig 2016	Nollaig 2019
6	An Dr Pat Gallagher	Gnáth-bhall	Meitheamh 2016	Meán Fómhair 2019
7	Carolyn Gormley, Uas.	Gnáth-bhall	Meitheamh 2017	Meán Fómhair 2020
8	An tUas. Connie Kelleher	Gnáth-bhall	Meitheamh 2012	Meán Fómhair 2018
9	An tUas. Paul Lemass	Gnáth-bhall	Deireadh Fómhair 2014	Meán Fómhair 2018
10	An Dr Fergal Lynch	Gnáth-bhall	Meitheamh 2016	Meitheamh 2019
11	An tUas. Stephen Mulvany	Gnáth-bhall	Meitheamh 2016	Meitheamh 2019
12	An tUas. Pat Naughton	Gnáth-bhall	Bealtaine 2017	Bealtaine 2020
13	An Dr Siobhan O'Halloran	Gnáth-bhall	Meitheamh 2014	Meán Fómhair 2018
14	An Dr Marian O'Sullivan	Ard-Stiúrthóir Gnáth-bhall	Deireadh Fómhair 2015	

Tá trí choiste bunaithe ag an mBord, mar seo a leanas:

1. **An Coiste Iniúcháireachta agus Riosca:** tá seisear ball den mBord air. Is é ról an Choiste Iniúcháireachta agus Riosca tacú leis an mBord maidir lena chuid freagrachtaí as saincheisteanna riosca, rialaithe agus rialachais trí athbhreithniú a dhéanamh ar

AN FORAS RIARACHÁIN

(Cuideachta faoi Theorainn Ráthaíochta)

RÁITEAS RIALACHAIS AGUS TUAIRISC NA STIÚRTHÓIRÍ Don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2017

chuirsihteacht ráthaíochtaí i dtaobh freastal ar riachtanais ráthaíochta an Bhoird agus trí athbhreithniú a dhéanamh ar iontaofacht agus sláine na ráthaíochtaí seo.

Tuairiscíonn an Coiste Iniúchóireachta agus Riosca don mBord go foirmiúil. Cuireann sé an t-eolas agus an chomhairle siúd ar fáil di a mheastar a bheith cuí, trí láithreoireachtaí rialta a thugann Cathaoirleach an Choiste Iniúchóireachta agus Riosca don mBord faoi ghníomhaíochtaí agus saincheistanna a phléann an Coiste agus moltaí a ghabhann leo. Tugann an Coiste Iniúchóireachta agus Riosca Tuarascáil Bhliantúil don mBord a thugtar in am chun tacú leis an Tuarascáil Bhliantúil agus Ráitis Airgeadais a chur i gcrích. Ina thuarascáil féin tugann an Coiste achoimre ar thorthaí na hoibre atá déanta aige i gcaitheamh na bliana. Is iad seo a leanas baill an choiste:

Ray Dolan (Cathaoirleach), An Dr Fergal Lynch, Pat Naughton (ceaptha Meitheamh 2017), Elizabeth Adams, Siobhán O'Halloran, Connie Kelleher

2. **An Coiste Riaracháin:** comhdhéanta de sheachtar ball Bhoird. Is é ról an Choiste Riaracháin cabhrú leis an mBord maidir le féachaint ar mholtaí i dtaobh soláthar, ceannach agus cur de lámh maoinne don bhForas a bhainistiú agus na himpleachtaí a ghabhann leo ó thaobh airgeadais de; líon foirne údaraithe an Fhorais a fhaomhadh; cruthú post buana lánaimseartha agus post ar chonradh a fhaomhadh; athbhreithniú a dhéanamh ar thuairiscí an Ard-Stiúrthóra ar shaincheistanna daonchumhachta, caidrimh thionscail agus saincheist ar bith eile a chuireann an tArd-Stiúrthóir faoina bhráid; agus deimhin a dhéanamh de go gcloítear le barrchleachtas i mbeartas pearsanra agus beartas bainistíochta sa bhForas. Is iad seo a leanas baill an choiste:

An tUas. Martin O'Halloran, Elizabeth Adams, Uas., An Dr Lucy Fallon Byrne, An Dr Pat Gallagher, An Dr Fergal Lynch

3. **An Coiste Airgeadais agus Straitéise:** comhdhéanta d'ocht ar ball Bhoird. Is é ról an Choiste Airgeadais agus Straitéise cabhrú leis an mBord an plean bliantúil corparáide a dhréachtú, monatóireacht a dhéanamh ar chur i ngníomh an phlean agus an dréacht-bhuiséad bliantúil a iniúchadh agus moltaí a dhéanamh don mBord ina thaobh. Agus an buiséad oibriúcháin bliantúil a bheith faofa, déanann an Coiste athbhreithniú ar a chur i ngníomh i gcaitheamh na bliana agus déanann sé iniúchadh ar chuntais bainistíochta an Fhorais ó am go chéile. Is iad seo a leanas baill an choiste:

An tUas. Martin O'Halloran (Cathaoir), Carolyn Gormley, Uas., (Ceaptha Meitheamh 2017), An tUas. Stephen Mulvany, An Dr Pat Gallagher, An Dr Fergal Lynch, An Dr Marian O'Sullivan, An tUas. Paul Lemass

Tuairiscíonn gach coiste don mBord go foirmiúil. Cuireann sé an t-eolas agus an chomhairle siúd ar fáil a mheastar a bheith cuí, trí láithreoireachtaí rialta a thugann Cathaoirleach an choiste don mBord faoi ghníomhaíochtaí agus saincheistanna a phléann an Coiste agus moltaí a ghabhann leo. Tugann na trí choiste tuarascáil don mBord a thugtar in am chun tacú leis an Tuarascáil Bhliantúil agus Ráitis Airgeadais a chur i gcrích. Sa tuarascáil tugtar achoimre ar thorthaí na hoibre atá déanta i gcaitheamh na bliana.

Sceideal Tinreamh Bhail an Bhoird, Táillí* agus Caiteachas

Anseo thíos tugtar sceideal tinrimh ag Cruinnithe an Bhoird agus Cruinnithe Coiste in 2017, táillí agus caiteachas a fuair gach ball san áireamh.

AN FORAS RIARACHÁIN

(Cuideachta faoi Theorainn Ráthaíochta)

RÁITEAS RIALACHAIS AGUS TUAIRISC NA STIÚRTHÓIRÍ Don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2017

Ball Boird	Cruinniú Boird	Coiste Iniúcháireachta & Riosca	Coiste Airgeadais & Straitéise	Coiste Riaracháin
An tUas. Martin O'Halloran	7 as 7		2 as 2	1 as 1
Elizabeth Adams, Uas.	4 as 7	1 as 5		0 as 1
An Dr Mark Callanan	3 as 4			
An tUas. Ray Dolan	5 as 7	5 as 5		
An Dr Lucy Fallon-Byrne	5 as 7			0 as 1
An Dr Pat Gallagher	5 as 7		2 as 2	1 as 1
Carolyn Gormley, Uas.	3 as 3		1 as 2	
An tUas. Connie Kelleher	3 as 7	2 as 5		
An tUas. Paul Lemass	4 as 7		0 as 2	
An Dr Fergal Lynch	7 as 7	5 as 5	1 as 2	1 as 1
An tUas. Stephen Mulvany	4 as 7		2 as 2	
An tUas. Pat Naughton	2 as 3	1 as 3		
An Dr Siobhan O'Halloran	2 as 7	2 as 5		
An Dr Marian O'Sullivan	7 as 7		2 as 2	

Tag	Ainm	Táillí 2017	Costais 2017
1	An tUas. Martin O'Halloran	0	0
2	Elizabeth Adams, Uas.	0	0
3	An Dr Mark Callanan	0	0
4	An tUas. Ray Dolan	0	0
5	An Dr Lucy Fallon-Byrne	0	0
6	An Dr Pat Gallagher	0	0
7	Carolyn Gormley, Uas.	0	0
8	An tUas. Connie Kelleher	0	0
9	An tUas. Paul Lemass	0	0
10	An Dr Fergal Lynch	0	0
11	An tUas. Stephen Mulvany	0	0
12	An tUas. Pat Naughton	0	0
13	An Dr Siobhan O'Halloran	0	0
14	An Dr Marian O'Sullivan	0	0

*
D
e
r
é
i
r
a
i
l
t
6

de Mheabhrán Tuisceana an Fhorais Riaracháin, níl táillí iníoctha le Baill Bhoird an Fhorais.

Príomh-athruithe Pearsanra

D'fhág Cyril Sullivan, Stiúirthóir Seirbhísí Airgeadais agus Tacaíochta / Rúnaí na Cuideachta i ndeireadh mí Mheán Fómhair 2017. Cuirtear agallaimh chun an post buan a líonadh a siúl i mí Mheán Fómhair 2018; líonadh an post trí bhall foirne inmheánach a fhostú ar bhonn gníomhach.

Nochtuithe a éilítear mar thoradh ar an gCód Cleachtais um Rialachas do Chomhlachtaí Stáit (2016)

Tá an Bord freagrach as a chinntiú go bhfuil riachtanais an *Chóid Chleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit* ("an Cód") mar atá foilsithe ag an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe i mí Lúnasa 2016 comhlíonta ag an bhForas. Ní mór na rudaí seo a leanas a nochtadh de réir an Chóid:

AN FORAS RIARACHÁIN

(Cuideachta faoi Theorainn Ráthaíochta)

RÁITEAS RIALACHAIS AGUS TUAIRISC NA STIÚRTHÓIRÍ Don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2017

Miondealú ar Shochair Ghearr-théarma Fostaithe

Nochtar sochair ghearr-théarma fostaithe atá níos airde na €60,000 i Nóta 5 na ráitis airgeadais.

Nóta: Chun críocha an noхта seo áirítear iad seo a leanas ar shochair ghearr-théarma fostaithe maidir le seirbhísí a cuireadh ar fáil sa tréimhse tuairiscithe: tuarastal, ragobair agus íocaíochtaí eile a dhéantar thar ceann an fhostaí, seachas ÁSPC.

AN FORAS RIARACHÁIN

(Cuideachta faoi Theorainn Ráthaíochta)

RÁITEAS RIALACHAIS AGUS TUAIRISC NA STIÚRTHÓIRÍ Don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2017

Costais Chomhairleoireachta

Ar chostais chomhairleoireachta áirítear costas comhairle seachtraí ar an mbainistíocht agus ní áirítear feidhmeanna 'gnó mar is gnách' seachfhoinsithe orthu.

	2017	2016
	€	€
Comhairle Dlí	11,103	984
Comhairle Airgeadais/Achtúireach	Nialas	Nialas
Caidreamh Poiblí/margaíocht	Nialas	Nialas
Acmhainní Daonna	23,351	3,794
Feabhsú Gnó	21,203	Nialas
Eile	Nialas	Nialas
Iomlán na gcostas comhairleoireachta	55,657	4,778

Níor caipitlíodh aon chostais chomhairleoireachta.

Costais Dlí agus Glanadh

Sa tábla thíos tugtar miondealú ar méideanna a aithníodh mar chaiteachas sa tréimhse tuairiscithe maidir le costais dlí, socruithe agus imeachtaí comhréitigh agus eadrána maidir le conarthaí le tríú páirtithe. Ní áirítear air seo caiteachas a tabhaítear maidir le gnáth-chomhairle dlí a fuarthas ón bhForas Riaracháin agus a nochtar i gCostais Chomhairleoireachta thuas.

	2017	2016
	€	€
Táillí Dlí - Imeachtaí Dlí	Nialas	Nialas
Íocaíochtaí Comhréitigh agus Eadráin	Nialas	Nialas
Glanadh	Nialas	Nialas
Iomlán		

Caiteachas Taistil agus Cothaithe

Cuirtear caiteachas taistil agus cothaithe sna catagóirí seo a leanas:

	2017	2016
	€	€
Baile		
• Bord	Nialas	Nialas
• Fostaithe	90,295	87,239
Idirnáisiúnta		
• Bord	Nialas	Nialas
• Fostaithe	58,143	40,800
Iomlán	148,438	128,039

Caiteachas Fáilteachais

Áirítear an Caiteachas Fáilteachais seo a leanas ar an gCuntas Ioncaim agus Caiteachais:

	2017	2016
	€	€
Fáilteachas Foirne	26,638*	3,953
Fáilteachas Cliant	Nialas	Nialas
Iomlán	26,638	3,953

*Áirítear air seo dearbháin bhronntanais dar luach €20,000 do bhaill foirne mar bhónais Nollaig.

AN FORAS RIARACHÁIN

(Cuideachta faoi Theorainn Ráthaíochta)

RÁITEAS RIALACHAIS AGUS TUAIRISC NA STIÚRTHÓIRÍ Don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2017

Mar chuid de mhaoirseacht leanúnach an Bhoird ar thimpeallacht rialála an Fhorais faigheann an Bord deimhniúcháin go rialta ón Ard-Stiúrthóir agus ón bhFoireann Bainistíochta Shinsearach maidir le timpeallacht dlí agus timpeallacht rialála de réir mar a bhaineann siad le comhlachtaí stáit. Áirítear air seo:

An tAcht um Shaoráil Faisnéise 2014

San Acht um Shaoráil Faisnéise 2014 foráiltear go bhfuil na cearta seo a leanas ag gach duine, faoi réir eisceachtaí áirithe arna sonrú san Acht:

- Teacht a fháil ar thaifid oifigiúla atá á gcoinneáil ag ranna rialtais agus gach comhlacht poiblí a chomhlíonann forálacha Ailt 6 den Acht;
- Faisnéis phearsanta fúthu féin a chur á ceartú nó á cur cothrom le dáta má tá an fhaisnéis seo neamhiomlán, mícheart nó míthreorach; agus
- Eolas faoi na cúiseanna a fháil atá le cinntí a ghlacann comhlachtaí poiblí agus a théann i bhfeidhm orthu.

Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003

Is é an phríomhchuspóir atá le hAcht na dTeangacha Oifigiúla, 2003 ná úsáid na Gaeilge chun críocha oifigiúla a chur chun cinn agus méid agus cáilíocht na seirbhísí a chuireann comhlachtaí poiblí ar fáil don bpobal trí Ghaeilge a chur chun cinn. Cuireann an tAcht agus Rialacháin a rinneadh faoin Acht riachtanais ar leith ar chomhlachtaí poiblí, an Foras san áireamh, i ndáil le húsáid na Gaeilge, m. sh. maidir le freagra a chur ar chomhfhreagrais trí Ghaeilge, úsáid na Gaeilge ar stáiseanáireacht, ar chomharthaí srl., agus foilsíú doiciméad áirithe go dátheangach.

Foráil thábhachtach faoin Acht is ea go n-éilítear ar chomhlachtaí poiblí faoi Alt 11 mar thoradh ar iarratas ón Aire Ealaíon, Oidhreacht, Gnóthaí Réigiúnacha, Tuaithe agus Gaeltachta, scéim a ullmhú ina leagtar amach na seirbhísí a chuirfidh an comhlacht poiblí ar fáil trí mheán na Gaeilge, trí mheán an Bhéarla agus trí mheán na Gaeilge agus an Bhéarla.

Na hAchtanna um Chosaint Sonraí 1988 & 2003

Tá na hAchtanna um Chosaint Sonraí 1988 agus 2003 ceaptha chun príobháideachas duine a chosaint. Bronnann na hAchtanna cearta ar dhaoine maidir le príobháideachas a gcuid sonraí pearsanta agus cuireann sé freagrachtaí orthu siúd a choinníonn agus a phróiseálann na sonraí seo. Go sonrath, déantar foráil iontu do bhailiú agus úsáid sonraí ar shlí fhreagrach agus ag an am céanna tugtar cosaint ar úsáid atá gan iarraidh nó úsáid dhíobhálach na sonraí.

Le linn 2017 leanamar ar obair ar chláir chun sraith doiciméad a thabhairt cothrom le dáta ina leagtar amach beartas agus nósanna imeachta an Fhorais atá dírithe ar a chinntiú go gcomhlíonaimid riachtanais na reachtaíochta reatha um chosaint sonraí agus an Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí. Cuirfear an Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí i bhfeidhm i mí Bhealtaine 2018 agus tiocfaidh sé in ionad na reachtaíochta reatha atá i bhfeidhm sa réimse seo.

Seirbhís Chustaiméara

Tá soláthar seirbhís chustaiméara i gcroílár gníomhaíochtaí an Fhorais agus táimid ag obair go crua chun feabhas a chur ar ár gcuid cleachtais ghnó gan stad gan staonadh chun na caighdeáin is airde a chur ar fáil sa teagmháil lenár gcustaiméirí.

Comhlíonadh Reachtaíochta eile

Comhlíonann an Foras Riaracháin le hoibleagáidí rialachais chorparáide agus oibleagáidí eile lena n-áirítear:

Acht um Eitic in Oifig Phoiblí, 1995 (mar a leasaíodh);
an tAcht um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí 2001;
Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003;

AN FORAS RIARACHÁIN

(Cuideachta faoi Theorainn Ráthaíochta)

RÁITEAS RIALACHAIS AGUS TUAIRISC NA STIÚRTHÓIRÍ Don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2017

Na hAchtanna um Chosaint Sonraí, 1988 & 2003;
Acht Míchumais, 2005;
An tAcht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair, 2005;
An tAcht um Shaoráil Faisnéise 2014;
An tAcht um Brústocaireacht a Rialáil 2015;
An tAcht um Pras-íoc Cuntas 1997.

Ráiteas Comhail

Tá riachtanais an **Chóid Chleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit 2016** mar atá siad foilsithe ag an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe comhlíonta ag an bhForas den chuid is mó sa mhéid agus ab fhéidir de bharr cineáil uathúil an Fhorais Riaracháin. Rinne an Bord maoirseacht ar athbhreithniú ar fheidhmíocht an Fhorais Riaracháin i gcomparáid leis an gCód *Cleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit 2016*. I gcás neamhchomhail tá clár oibre á chur i bhfeidhm ar feadh 2018 ar fad faoi mhaoirseacht an Bhoird, chun go mbainfidh an Foras Riaracháin comhail iomlán amach. Féach ar an gcuid faoi Sholáthar sa Ráiteas ar Rialú Inmheánach. Is deimhin leis an mBord go bhfuil an leibhéal comhail maidir leis an **gCód Cleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit 2016** amhail deireadh na bliana, an 31 Nollaig 2017, sásúil, le haird chuí ar an treoir atá eisithe ag an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe i mí na Samhna 2017.

Thar ceann an Bhoird



Martin O'Halloran
Cathaoirleach

Dáta: 5 Meán Fómhair 2018

AN FORAS RIARACHÁIN

(Cuideachta faoi Theorainn Ráthaíochta)

RÁITEAS AR RIALÚ INMHEÁNACH

Don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2017

Raon Freagrachta

Thar ceann an Fhorais Riaracháin admhaím go bhfuil an Bord freagrach as a chinntiú go gcoinnítear agus go n-oibrítear córas éifeachtach rialaithe inmheánaigh. Leis an bhfreagracht seo glactar san áireamh riachtanais an *Chóid Chleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit, 2016*. Agus an ráiteas seo á ullmhú aige d'fhéach an Bord ar shocruithe ráthaíochta agus ar an athbhreithniú ar éifeachtacht an chórais rialaithe inmheánaigh.

Cuspóir leis an gCóras Rialaithe Inmheánaigh

Tá an córas rialaithe inmheánaigh ceaptha chun riosca a bhainistiú chuig leibhéal is féidir a sheasamh seachas deireadh a chur leis. Dá bhrí sin ní féidir leis an gCóras ach cinnteacht réasúnach seachas cinnteacht iomlán a thabhairt go ndéantar sócmhainní a chosaint, go ndéantar idirbhearta a údarú agus a thairfeadh mar is cuí agus go gcoisctear earráidí ábhartha nó go n-aimsítear iad go tráthúil. Bhí an gcóras rialaithe inmheánaigh atá ag teacht le treoir atá eisithe ag an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe i bhfeidhm sa bhForas Riaracháin don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2017 agus suas go dáta faofa na ráiteas airgeadais.

Acmhainn chun Déileáil le Riosca

Tá Coiste Iniúchóireachta agus Riosca ag an bhForas ar a bhfuil seisear ball Boird agus lena n-áirítear baill ag a bhfuil saineolas airgeadais agus iniúchóireachta. Bhí cúig chruinniú ag an gCoiste Iniúchóireachta agus Riosca in 2017. Lena chois sin chuir an Foras feidhm iniúchóireachta inmheánaí ar bun a bhfuil acmhainní cuí aici agus a reáchtálann clár oibre a comhaontaíodh leis an gCoiste Iniúchóireachta agus Riosca.

Tá beartas um bhainistiú riosca forbartha ag an gCoiste Iniúchóireachta agus Riosca ina leagtar amach a inghlacthacht riosca agus a chuid próiseas bainistithe riosca. Lena chois sin mionsonraítear na ról agus freagrachtaí foirne maidir le riosca. Ghlac Bord an Fhorais Riaracháin leis an mbeartas seo ag a chruinniú i mí na Nollag 2017. Sa bheartas seo glactar san áireamh torthaí ar thuairisc iniúchóireachta inmheánaí agus torthaí maidir le creatlach bainistithe riosca an Fhorais.

I ráithe 1 2018 eiseofar seo chuig gach ball foirne agus táthar ag súil uathu go mbeidh siad ag obair de réir beartas bainistithe riosca d'fhonn aird na bainistíochta a dhíriú ar rioscaí agus laigí rialaithe atá ag teacht chun cinn agus go mbeidh siad ag glacadh freagrachta as rioscaí agus rialuithe laistigh dá réimse oibre féin.

Creatlach Riosca agus Rialaithe

Aithníonn córas bainistithe riosca an Fhorais Riaracháin príomh-rioscaí agus tuairiscíonn sé iad, mar aon leis na bearta bainistíochta a ghlactar chun aghaidh a thabhairt orthu agus, sa mhéid is féidir, na rioscaí seo a mhaolú.

Tá clár riosca déanta lena n-aithnítear príomh-rioscaí atá os comhair an Fhorais agus tá siad siúd aitheanta, measta agus grádaithe de réir a suntasachta. Mír bhuan ar chlár oibre an Bhoird agus an Choiste Iniúchóireachta agus Riosca is ea an clár agus déantar athbhreithniú air ag gach cruinniú. Baintear úsáid as torthaí na meastachán seo chun acmhainní a phleanáil agus a leithdháileadh d'fhonn a chinntiú go mbainistítear rioscaí ag leibhéal cuí.

Sa clár rioscaí mionsonraítear na rialuithe agus na bearta atá riachtanach chun rioscaí a mhaolú, mar aon leis an bhfreagracht as oibriú na rialuithe atá sannta do bhaill foirne ar leith. Deimhníonn an Bord go bhfuil timpeallacht rialaithe ann a chuimsíonn na míreanna seo a leanas:

- Tá doiciméadú déanta ar nósanna imeachta le haghaidh príomh-phróisis ghnó. Le linn 2017 rinne an Coiste Feidhmiúcháin athbhreithniú ar bheartais agus nósanna imeachta Tugadh eisceachtaí chun suntais d'fhonn aghaidh a thabhairt orthu trí nósanna imeachta oibriúcháin caighdeánacha breise a thabhairt isteach de réir mar is inmhianaithe é.
- Tá freagrachtaí airgeadais sannta ag leibhéal na bainistíochta in éineacht le cuntasacht dá réir.
- Tá córas buiséadaithe cuí le buiséad bliantúil ann agus tá an bhainistíocht shinsearach ag coinneáil súile air.

AN FORAS RIARACHÁIN
(*Cuideachta faoi Theorainn Ráthaíochta*)

RÁITEAS AR RIALÚ INMHEÁNACH
Don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2017

- Tá athbheithniú déanta ar na córais teicneolaíochta faisnéise agus cumarsáide agus láidríodh iad. Rinneadh iniúchadh inmheánach ar na rialuithe ginearálta TF in 2017.
- Tá córais ann chun na sócmhainní a chosaint.

AN FORAS RIARACHÁIN

(Cuideachta faoi Theorainn Ráthaíochta)

RÁITEAS AR RIALÚ INMHEÁNACH

Don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2017

Monatóireacht agus Athbhreithniú Leanúnach

Tá nósanna imeachta foirmiúla le haghaidh monatóireachta ar phróisis rialuithe curtha ar bun agus cuirtear easpaí rialuithe aitheanta in iúl dóibh siúd atá freagrach as bearta ceartúcháin a ghlacadh agus don mbainistíocht agus don mBord, má bhaineann, go tráthúil. Deimhníonn an Bord go bhfuil na córais mhonatóireachta leanúnacha seo a leanas ann:

- Tá na príomh-rioscaí agus rialuithe bainteacha aitheanta agus tá próisis curtha ar bun chun monatóireacht a dhéanamh ar oibriú na bpríomhrialuithe seo agus chun easpaí ar bith a thuairisciú.
- Tá socruithe tuairiscithe curtha ar bun ag gach leibhéal ag a bhfuil freagracht as bainistiú airgeadais sannta.
- Déanann baill den bhainistíocht shinsearach athbhreithithe go rialta ar fheidhmíocht bhliantúil agus ar thuairiscí feidhmíochta bliantúla a léiríonn feidhmíocht i gcomparáid le buiséid/réamh-mheastacháin.

Soláthar

Deimhníonn an Bord go bhfuil nósanna imeachta ag an bhForas chun a chinntiú go gcloítear le rialacha agus treoracha soláthair. Tarraingítear aird ar ghnóthaí maidir le rialuithe ar sholáthar faoi cheisteanna i dtaobh rialú inmheánach thíos.

Athbhreithniú ar Éifeachtacht

Deimhníonn an Bord go bhfuil nósanna imeachta ag an bhForas chun monatóireacht a dhéanamh ar éifeachtacht a chuid nósanna imeachta um bhainistiú agus rialú riosca. Is í obair na n-iniúcháir, idir inmheánach agus sheachtrach, obair an Choiste Iniúcháireachta agus Riosca a dhéanann maoirseacht ar a gcuid oibre siúd, agus na foirne bainistíochta sinsearaí laistigh den bhForas atá freagrach as forbairt agus cothú an chreata um rialú airgeadais, is iad atá mar bhonn eolais ag an monatóireacht ar an gcóras rialaithe airgeadais inmheánaigh a dhéanann an Foras.

Is féidir leis an mBord deimhniú go ndearna sé maoirseacht ar an athbhreithniú bliantúil ar éifeachtacht an chórais um rialú inmheánach i gcomhair 2017 agus rinneadh an t-aschur a mheas ag cruinniú an Bhoird ar an 8 Márta 2018. Tacaíodh leis seo trí thuairisc chuig an gCoiste Iniúcháireachta agus Riosca ar shocruithe ráthaíochta agus ag an athbhreithniú ar éifeachtacht an chórais um rialú inmheánach.

Saincheisteanna ar Rialú Inmheánach

Soláthar Neamhchomhlíontach

Deimhníonn an Bord go bhfuil nósanna imeachta ag an bhForas chun a chinntiú go gcloítear le rialacha agus treoracha soláthair. In Iniúchadh na Ráiteas Airgeadais 2017 aithníodh caiteachas soláthair neamhchomhlíontach dar luach €527,360 lena n-áirítear:

- Trí réimse a bhaineann le ceangail stairiúla le comhpháirithe straitéiseacha a chuireann cláir oideachais agus oiliúna chreidiúnaithe ar fáil leis an bhForas Riaracháin (€280,000).
- Baineann dhá cheann acu le:
 - soláthar líonadóireachta ina ndearnadh athbhreithniú gníomhach ar chostais aonaid (€65,000)
 - soláthar foireann ghníomhaireachta chun poist riaracháin shealadacha agus poist riaracháin ghearr-théarma a líonadh a bhí ag teastáil chun ionadaíocht a dhéanamh ar son saoire máithreachais agus saoire eile; agus clúdach le haghaidh soláthar foirne; riachtanais mar thoradh ar bhuaiceanna éileamh seirbhíse (€165,000 lena n-áirítear táille seirbhíse párolla 25% d'fhoireann shealadach a íocadh trí phárolla na gníomhaireachta).
- Réimse amháin a bhaineann le comhairle i dtaobh Comhairleoireacht Bainistíochta (€18,000).

AN FORAS RIARACHÁIN

(Cuideachta faoi Theorainn Ráthaíochta)

RÁITEAS AR RIALÚ INMHEÁNACH

Don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2017

Tá bearta glactha nó á nglacadh ag an mBord chun a chinntiú go gcomhlíontar rialacha soláthair ina n-
iomláine. Áirítear air seo

- athbheithniú ar nósanna imeachta soláthair agus ar chomhlíonadh trí iniúchadh inmheánach i R3 2018;
- An Stiúrthóir Airgeadais agus Seirbhísí Corparáide atá le teacht isteach a ainmniú mar Phríomhoifigeach Soláthair;
- Nósanna imeachta soláthair iomaíocha a thionscnamh maidir leis na conarthaí a dtugtar breac-
chuntas orthu thuas.

Is deimhin leis an mBord go gcinnteofar leis na bearta a glacadh go gcomhlíonfar na rialacha maidir le
soláthar.


Teip an Chórais Ríomhphoist

Dé Céadaoin an 27 Meán Fómhair 2017 tharla teip chórais sa bhForas Riaracháin a raibh mar thoradh air
nár seoladh agus nach bhfuarthas aon ríomhphost ó chuntas an Fhorais Riaracháin. Réitíodh an fhadhb ina
hiomláine Dé Luain 2 Deireadh Fómhair 2017. Aithníodh gurb é bunachar sonraí truailithe ba chúis leis a
bhí á óstáil ar threalamh a bhí i ndeireadh a shaolré. Glacadh beart cuí ceartaitheach chun an riosca go
dtarlódh teipeanna mar seo amach anseo a mhaolú. De bharr an cineál lochta cailleadh ríomhphoist dhá
lae éigin. Tá deimhniú tugtha ag an bhForas Riaracháin d'Oifig an Choimisinéara Cosanta Sonraí nach
bhfuil cailliúint na sonraí seo aicmithe mar 'cailliúint sonraí' de réir téarmaí na nAchtanna Cosanta Sonraí,
1988 & 2003.

Thar ceann an Bhoird



Martin O'Halloran
Cathaoirleach



An Dr Marian O'Sullivan
Ard-Stiúrthóir

Dáta: 5 Meán Fómhair 2018

Dáta: 5 Meán Fómhair 2018

TUAIRISC AN ARD-REACHTAIRE CUNTAS & CISTE
Don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2017

Tuairisc le cur faoi bhráid Thithe an Oireachtais

An Foras Riaracháin

Tuairim maidir leis na ráitis airgeadais

Tá iniúchadh déanta agam ar ráitis airgeadais an Fhorais Riaracháin (an cuideachta) don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2017 mar a éilítear faoi fhorálacha cuid 5 d'Acht an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste (Leasú) 1993. Cuimsíonn na Ráitis Airgeadais an ráiteas ioncaim agus caiteachais, an ráiteas ioncaim chuimsithigh, an ráiteas ar athruithe ar chothromas, an ráiteas ar staid airgeadais, an ráiteas sreabhaí airgid agus na nótaí a ghabhann leo mar aon le hachóimre ar bheartais chuntasaíochta shuntasacha.

Is í mo thuairim maidir leis na Ráitis Airgeadais:

- Go dtugtar iontu léargas fíor cruinn ar shócmhainní, dliteanais agus staid airgeadais na cuideachta amhail an 31 Nollaig 2017 agus ar a hioncam agus a caiteachas i gcomhair 2017
- Gur ullmhaíodh go cuí de réir an Chaighdeáin um Thuairisciú Airgeadais (FRS) 102 - An Caighdeán um Thuairisciú Airgeadais is infheidhme sa R.A. agus i bPoblacht na hÉireann agus
- gur ullmhaíodh go cuí iad de réir Acht na gCuideachtaí, 2014.

Bunús tuairime

Rinne mé m'iniúchadh ar na ráitis airgeadais de réir Caighdeáin Iniúcháireachta Idirnáisiúnta mar atá craobhscaoilte ag an Eagraíocht Idirnáisiúnta na nInstitiúidí Iniúcháireachta Uachtaracha. Tá cur-síos ar mo chuid freagrachtaí faoi na caighdeáin seo ar fáil in aguisín leis an tuairisc seo. Tá mise neamhspleách ar an gcuideachta agus tá mo chuid freagrachtaí ó thaobh éitice de comhlíonta agam de réir na gcaighdeán.

Is í mo thuairim gur leordhóthanach agus gur iomchuí an fhianaise iniúcháireachta atá faighte agam chun bunús tuairime a sholáthar.

Measúnú deiridh maidir le gnóthas leantach

Faoi mar atá cur-síos déanta san aguisín leis an tuairisc seo is é seo a leanas mo mheasúnú deiridh

- gur oiriúnach é bunús gnóthais leantaigh na cuntasíochta a bheith á úsáid ag na stiúrthóirí agus
- cé acu an bhfuil nó nach bhfuil neamhchinnteacht shuntasach ann a bhaineann le teagmhais nó coinníollacha a d'fhéadfadh amhras suntasach a chaitheamh ar chumas na cuideachta leanúint ar aghaidh mar ghnóthas leantach.

Níl rud ar bith le tuairisciú agam ina thaobh seo.

Tuairimí ar ghnóthaí atá ordaithe ag Acht na gCuideachtaí 2014

Gan a bheith mar bhunús agam ach an obair atá déanta agam i gcaitheamh an iniúchta, tuairiscím go bhfuil, i mo thuairim,

- an t-eolas a thugtar i dtuarascáil na stiúrthóirí ag teacht leis na ráitis airgeadais, agus
- gur ullmhaíodh tuarascáil na stiúrthóirí de réir Acht na gCuideachtaí, 2014.

Fuair mé an t-eolas agus na mínithe ar fad a mheasaim a bheith riachtanach chun críocha m'iniúchta.

Is é mo thuairim go raibh taifid chuntasaíochta na cuideachta leordhóthanach chun a chur ar mo chumas iniúchadh ar na Ráitis Airgeadais a dhéanamh go héasca go cuí agus go bhfuil na ráitis airgeadais ag teacht leis na taifid chuntasaíochta.

AN FORAS RIARACHÁIN

(Cuideachta faoi Theorainn Ráthaíochta)

TUAIRISC AN ARD-REACHTAIRE CUNTAS & CISTE Don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2017

Lena chois sin tá orm, de réir Acht na gCuideachtaí 2014, tuairisciú mura bhfuil, i mo thuairim, na nochduithe ar luach saothair agus aistriú na stiúrthóirí a éilítear i gcodanna 305 go 312 den Acht déanta. Níl rud ar bith le tuairisciú agam ina thaobh seo.

Tuairisc ar fhaisnéis seachas na ráitis airgeadais, agus gnóthaí eile

Tá faisnéis eile áirithe curtha i láthair ag na stiúrthóirí i dteannta na ráitis airgeadais. Cuimsítear ann tuarascáil bhliantúil lena n-áirítear ráiteas rialachais agus tuarascáil na stiúrthóirí agus an ráiteas ar rialú inmheánach. Tá cur-síos ar mo chuid freagrachtaí tuairisc a thabhairt maidir leis an bhfaisnéis sin agus maidir le gnóthaí áirithe eile a dtugaim tuairisc orthu, ar fáil san aguisín leis an tuairisc seo.

Níl rud ar bith le tuairisciú agam ina thaobh seo.

Patricia Sheehan
Ar son agus thar ceann an
Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste
12 Meán Fómhair 2018

AN FORAS RIARACHÁIN

(Cuideachta faoi Theorainn Ráthaíochta)

TUAIRISC AN ARD-REACHTAIRE CUNTAS & CISTE Don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2017

Iarscríbhinn leis an Tuairisc

Freagrachtaí na Stiúrthóirí

Sa ráiteas rialachais agus i dtuarascáil na stiúrthóirí leagtar amach freagrachtaí na stiúrthóirí. Tá na stiúrthóirí freagrach as

- ráitis airgeadais a ullmhú sa bhfoirm atá ordaithe faoi Acht na gCuideachtaí 2014
- a chinntiú go dtugtar léargas fíor cothrom de réir FRS102 sna ráitis airgeadais
- rialtacht na n-idirbheart a chinntiú
- a mheas cé acu an oiriúnach nó nach oiriúnach é bunús gnóthais leantaigh na cuntasáíochta, agus
- an rialú inmheánach siúd a mheasann siad a bheith riachtanach chun ullmhú na ráitis airgeadais atá saor ó mhíríteas ábhartha, is cuma an de dheasca calaoise nó earráide, a éascú.

Freagrachtaí an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste

Tá mise freagrach as iniúchadh a dhéanamh ar ráitis airgeadais na cuideachta faoi Chuid 5 d'Acht an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste (Leasú) 1993 agus tuairisc a thabhairt orthu chuig Tithe an Oireachtais.

Is í an chuspóir atá agam agus an t-iniúchadh á dhéanamh agam cinnteacht réasúnach a fháil maidir le cé acu an bhfuil nó nach bhfuil na ráitis airgeadais san iomlán saor ó mhíríteas ábhartha de dheasca calaoise nó earráide. Is leibhéal ard cinnteachta í cinnteacht réasúnach ach ní ráthaíocht í go nochtann iniúchadh a dhéantar de réir na gCaighdeáin Idirnáisiúnta maidir le hIniúchadh míráiteas ábhartha i gcónaí más ann dó. Féadann míráitis teacht chun cinn mar thoradh ar chalaos nó earráid agus meastar iad a bheith ábhartha más rud é go bhféadfaí a mheas go réasúnach go rachaidís i bhfeidhm, ina aonair nó san iomlán, ar chinntí eacnamaíochta úsáideoirí a ghlactar ar bhonn na ráitis airgeadais seo.

Mar chuid d'iniúchadh de réir na gCaighdeáin Idirnáisiúnta maidir le hIniúchadh cleachtaim breithiúnas pearsanta agus coinnim sceipteachas proifisiúnta ar fud an iniúchta. Agus sin á dhéanamh agam,

- Sainnaim agus measaim na rioscaí agus go bhféadfadh míráiteas ábhartha a bheith sna ráitis airgeadais de dheasca ceachtar díobh seo, calaois nó earráid:
ceapaim agus déanaim nósanna imeachta iniúcháireachta atá ag freagairt do na rioscaí sin; agus faighim fianaise iniúcháireachta atá leordhóthanach agus iomchuí chun bonn tuairime a thabhairt dom. Is mó an riosca nach nochtfaí míráiteas ábhartha atá ann de dheasca calaoise seachas míráiteas ábhartha atá ann de dheasca earráide toisc go bhféadfadh claonpháirteachas, brionnú, easnamh d'aon ghnó, bréaglériú a bheith i gceist nó d'fhéadfaí rialú inmheánach a fhágáil ar lár.
- Faighim tuiscint ar an rialú inmheánach a bhaineann leis an iniúchadh d'fhonn nósanna imeachta iniúcháireachta a cheapadh atá oiriúnach sna cúinsí, ní d'fhonn tuairim a léiriú ar éifeachtacht na rialuithe inmheánacha.
- Déanaim measúnú ar oiriúnacht na mbeartas cuntasáíochta a úsáidtear agus ar réasúnacht na meastachán cuntasáíochta agus ar nochtuithe gaolmhara.
- Déanaim measúnú deiridh maidir le é a bheith oiriúnach bonn gnóthais leantaigh na cuntasáíochta a úsáid agus, ag brath ar an bhfianaise iniúcháireachta a fuarthas, maidir le cé acu, an bhfuil nó nach bhfuil neamhchinnteacht ábhartha ann a bhaineann le teagmhais nó coinníollacha a d'fhéadfadh amhras suntasach a chaitheamh ar chumas na cuideachta leanúint ar aghaidh mar ghnóthas leantach. Más mé mo mheasúnú deiridh go bhfuil neamhchinnteacht ábhartha ann tá orm aird a tharraingt i mo thuairisc ar na nochtuithe a bhaineann leis sna ráitis airgeadais, é sin nó, mura bhfuil na nochtuithe leordhóthanach, tá orm mo thuairim a mhionathrú. Tá mo

AN FORAS RIARACHÁIN

(Cuideachta faoi Theorainn Ráthaíochta)

TUAIRISC AN ARD-REACHTAIRE CUNTAS & CISTE

Don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2017

chuid cinntí bunaithe ar an bhfianaise iniúchta a fuarthas suas go dáta go thuairisce. Mar sin féin, d'fhéadfadh teagmhais amach anseo a bheith ina gcúis le deireadh a bheith leis an gcuideachta a bheith ina gnóthas leantach.

- Déanaim measúnú ar chur-i-láthair, struchtúr agus ábhar na ráitis airgeadais ar an iomlán, na nochtuithe san áireamh, agus cé acu an léiríonn nó nach léiríonn na ráitis airgeadais na hidirbhearta agus na teagmhais bhunúsacha ar shlí a chuireann i láthair iad go cothrom cóir.

Déanaim cumarsáid leo siúd a bhfuil cúram rialachais orthu maidir leis an raon feidhme agus uainiú atá beartaithe don iniúchadh agus maidir le cinntí suntasacha an iniúchta i measc rudaí eile, lena n-áirítear easnaimh shuntasacha ar rialú inmheánach a aithním le linn m'iniúchta.

Faisnéis ar ábhar eile seachas na ráitis airgeadais

Ní chlédaíonn mo thuairim maidir leis na ráitis airgeadais faisnéis eile a cuireadh i láthair leis na ráitis sin, agus ní thugaim cinneadh dearbhaithe ina taobh siúd.

I dtaca le m'iniúchadh ar na ráitis airgeadais tá sé de cheangal orm faoi na Caighdeáin Idirnáisiúnta maidir le hIniúchadh, an fhaisnéis eile a chuirtear os mo chomhair a léamh, agus arna dhéanamh sin dom, a mheas an bhfuil an fhaisnéis eile ar neamhréir go hábhartha leis na ráitis airgeadais nó le heolas a fuarthas le linn m'iniúchta, nó i gcás gur cosúil go bhfuil sé míshonraithe go hábhartha. Má chinnim, bunaithe ar an obair atá déanta agam, go bhfuil míráiteas ábhartha ann i dtaca leis an bhfaisnéis eile seo, tá sé de cheangal orm é sin a thuairisciú.

Tuairisciú ar ábhair eile

Déanaimse m'iniúchadh trí thagairt do na breithnithe speisialta a ghabhann le Comhlachtaí Stáit i ndáil lena mbainistíocht agus lena n-oibríocht. Tuairiscím má tá aon chúrsaí ábhartha a bhaineann leis an tslí inar cuireadh gnó poiblí i gcrích.

Féachaimse le fianaise a fháil maidir le rialtacht na n-idirbheart airgeadais le linn m'iniúchta. Tuairiscím má tá ásc ábhartha ar bith nár úsáideadh airgead poiblí chun na críocha a raibh sé beartaithe dóibh nó nach raibh idirbhearta déanta de réir na n-údarás a bhfuil siad á rialú acu.

AN FORAS RIARACHÁIN
(Cuideachta faoi Theorainn Ráthaíochta)

RÁITEAS IONCAIM AGUS CAITEACHAIS
Don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2017

	Nótaí	2017	2016
		€	€
Ioncam			
Ioncam ó Tháillí	2	9,452,326	8,464,607
Díol Foilseacháin	3	297,099	346,378
Síntiúisí		254,936	263,655
Deontas ón Oireachtas	4	2,629,000	2,629,000
Amúchadh an Deontais Chaipitil	14	<u>149,823</u>	<u>149,823</u>
		12,783,184	11,853,463
Caiteachas Oibriúcháin			
Costais Dhíreacha	6	3,039,270	2,838,618
Costais Tuarastail	7(b)	6,001,472	5,848,166
Caiteachas Riaracháin	8	1,854,978	1,665,386
Ús iníoctha agus a leithéid de mhuirir		27,009	19,798
Costais Sochar Scoir	19(b)	<u>1,444,871</u>	<u>1,485,040</u>
		12,367,600	11,857,008
Barrachas (Easnamh) oibriúcháin don bhliain	5	<u><u>415,584</u></u>	<u><u>(3,545)</u></u>

Baineann gach ioncam agus caiteachas don bhliain le gníomhaíochtaí leanúnacha amhail an dáta tuairiscithe. Áirítear sa Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais gach gnóthachan agus cailteanas a aithníodh sa bhliain. Is cuid de na Ráitis Airgeadais seo an Ráiteas Sreafaí Airgid agus nótaí 1 go 21.

Thar ceann an Bhoird



Ray Dolan
Stiúrthóir



Carolyn Gormley
Stiúrthóir

Dáta: 5 Meán Fómhair 2018

Dáta: 5 Meán Fómhair 2018

AN FORAS RIARACHÁIN*(Cuideachta faoi Theorainn Ráthaíochta)***RÁITEAS MAIDIR LE hIONCAM CUIMSITHEACH
Don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2017**

	2017	2016
	€	€
(Easnamh)/Barrachas tar éis Ranníocaíochta an Státchiste	415,584	(3,545)
Gnóthachan/(Cailiteanas) eispéiris ar Oibleagáidí Sochar Scoir	(1,771,000)	2,783,000
Athrú ar Thoimhdí atá mar bhonn ag Luach Reatha na nOibleagáidí Sochar Scoir	8,000	(7,032,000)
lomlán Gnóthachain/(Cailiteanas) Achtúireach sa Bhliain	(1,763,000)	(4,249,000)
Coigeartú ar Mhaoiniú Sochar Scoir	1,763,000	4,249,000
lomlán Ioncaim/(Cailiteanais) Chuimsithigh	415,584	(3,545)

Is cuid de na Ráitis Airgeadais seo an Ráiteas Sreafaí Airgid agus nótaí 1 go 21.

Thar ceann an Bhoird

Ray Dolan
Stiúrthóir



Carolyn Gormley
Stiúrthóir

Dáta: 5 Meán Fómhair 2018

Dáta: 5 Meán Fómhair 2018

AN FORAS RIARACHÁIN*(Cuideachta faoi Theoirinn Ráthaíochta)***RÁITEAS MAIDIR LE hATHRUITHE AR CHOTHROMAS
Don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2017****MAIDIR LEIS AN BHLIAIN REATHA**

	Cúlchiste Caipítíl	Cúlchiste Ioncaim	Barrachas Carntha ar Ioncam agus Caiteachas	Deontais Chaipítíl	Iomlán
	€	€	€	€	€
Amhail 1 Eanáir 2017	9,086,032	2,675,516	1,069,516	513,491	13,344,555
Aistriú chuig Cúlchiste Caipítíl	266,507	(266,507)	-	-	-
Amúchadh an Deontais Chaipítíl	-	-	-	(149,823)	(149,823)
Barrachas ar Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais	-	-	415,584	-	415,584
Amhail 31 Nollaig 2017	9,352,539	2,409,009	1,485,100	363,668	13,610,316

MAIDIR LEIS AN MBLIAIN ROIMHE

	Cúlchiste Caipítíl	Cúlchiste Ioncaim	Barrachas Carntha ar Ioncam agus Caiteachas	Deontais Chaipítíl	Iomlán
	€	€	€	€	€
Amhail 1 Eanáir 2016	8,821,505	2,940,043	1,073,061	663,314	13,497,923
Aistriú chuig Cúlchiste Caipítíl	264,527	(264,527)	-	-	-
Amúchadh an Deontais Chaipítíl	-	-	-	(149,823)	(149,823)
Barrachas ar Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais	-	-	(3,545)	-	(3,545)
Amhail 31 Nollaig 2016	9,086,032	2,675,516	1,069,516	513,491	13,344,555

Is cuid de na Ráitis Airgeadais seo an Ráiteas Sreafaí Airgid agus nótaí 1 go 21.

Thar ceann an Bhoird


Ray Dolan
Stiúrthóir

Dáta: 5 Meán Fómhair 2018 Dáta 5 Meán Fómhair 2018



Carolyn Gormley
Stiúrthóir

AN FORAS RIARACHÁIN
(Cuideachta faoi Theorainn Ráthaíochta)

RÁITEAS MAIDIR LE STAID AIRGEADAIS
Don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2017

	Nótaí	2017 €	2016 €
Sócmhainní nach sócmhainní reatha iad			
Réadmhaoin, Gléasra & Trealamh	10	14,704,425	15,024,144
Sócmhainní Reatha			
Fardal	9	88,006	81,811
Infháltais	11	1,292,274	1,721,749
Airgead Tirim agus a Choibhéis		4,686,612	3,281,485
		<u>6,066,892</u>	<u>5,085,045</u>
Cuntais Iníoctha			
Méideanna a bheidh dlite laistigh de Bhliain Amháin	12	<u>(5,018,501)</u>	<u>(4,353,645)</u>
Glanshócmhainní Reatha		<u>1,048,391</u>	<u>731,400</u>
Iomlán na Sócmhainní Lúide Dlíteanais Reatha		15,752,816	15,755,544
Cuntais Iníoctha			
Méideanna a bheidh dlite tar éis Bliana Amháin	13	<u>(2,142,500)</u>	<u>(2,410,989)</u>
Iomlán na Sócmhainní Lúide Dlíteanais		13,610,316	13,344,555
Oibleagáid Sochar Scoir Fhadtéarma	19(a)	(62,981,000)	(60,418,000)
Sócmhainn Sochar Scoir iarchurtha	19(a)	62,981,000	60,418,000
Glanshócmhainní		<u>13,610,316</u>	<u>13,344,555</u>
Ag Ionadú			
Cúlchistí Caipitil & Ioncaim		11,761,548	11,761,548
Barrachas carntha ar Chuntas Ioncaim & Caiteachais		1,485,100	1,069,516
Deontais Chaipitil	14	363,668	513,491
		<u>13,610,316</u>	<u>13,344,555</u>

Is cuid de na Ráitis Airgeadais seo an Ráiteas Sreafaí Airgid agus nótaí 1 go 21.

Thar ceann an Bhoird



Ray Dolan
Stiúrthóir

Dáta: Dáta 5 Meán Fómhair 2018



Carolyn Gormley
Stiúrthóir

Dáta: Dáta 5 Meán Fómhair 2018

AN FORAS RIARACHÁIN
(Cuideachta faoi Theorainn Ráthaíochta)

RÁITEAS SREAFÁI AIRGID
Don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2017

	2017	2016
	€	€
GLANSREAFÁI AIRGID AS GNÍOMHAÍOCHTAÍ OIBRIÚCHÁIN		
	415,584	(3,545)
(Easnamh)/Barrachas Oibriúcháin tar éis Ranníocaíochta an Stáitchiste	27,009	19,798
Coigeartuithe le haghaidh:	677,089	627,816
Ús Iníochta	(149,823)	(149,823)
Dímheas	(6,195)	45,589
Amúchadh Deontas	429,475	(498,394)
Laghdú/(Méadú) ar Fhardail	662,875	1,579,780
(Méadú)/Laghdú ar chuntais infhála		
Méadú/(Laghdú) ar chuntais iníochta		
Glansreafaí Airgid as Gníomhaíochtaí Oibriúcháin	<u>2,056,014</u>	<u>1,621,221</u>
SREAFÁI AIRGID AS GNÍOMHAÍOCHTAÍ AIRGEADAITHE	2,056,014	1,621,221
Íocaíochtaí i ndáil le Maoin, Gléasra & Trealamh	(357,371)	(154,988)
Glansreafaí Airgid as Gníomhaíochtaí Infheistíochta	<u>1,698,643</u>	<u>1,466,233</u>
SREAFÁI AIRGID AS GNÍOMHAÍOCHTAÍ AIRGEADAITHE		
Ús Íochta	(27,009)	(19,798)
Laghdú ar Áis Mhorgáiste 20 bliain	(266,507)	(264,527)
Glansreafaí Airgid as Gníomhaíochtaí Airgeadaithe	<u>(293,516)</u>	<u>(284,325)</u>
Glanmhéadú ar Airgead Tirim agus a Choibhéis	<u>1,405,127</u>	<u>1,181,908</u>

Is cuid de na Ráitis Airgeadais seo an Ráiteas Sreafaí Airgid agus nótaí 1 go 21.

AN FORAS RIARACHÁIN

(Cuideachta faoi Theorainn Ráthaíochta)

NÓTAÍ LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS Don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2017

1. BEARTAIS CHUNTASAÍOCHTA

Tá bonn na cuntasáíochta agus na beartais cuntasáíochta shuntasacha a bhfuil glactha leo ag an bhForas leagtha amach anseo thíos. Cuireadh i bhfeidhm go seasmhach iad go léir le linn na bliana agus na bliana roimhe.

(a) Eolas Ginearálta

Cuideachta phríobháideach faoi theorainn ráthaíochta is ea an Foras Riaracháin, gan chaipiteal scaireanna, arna chorprú i bPoblacht na hÉireann. Is é an Oifig Chláraithe 59 Bóthar Lansdún, Baile Átha Cliath 4, agus is é seo príomháit ghnó na cuideachta chomh maith.

Is é príomhchuspóir an Fhorais de réir mar atá leagtha amach ina Meamram agus Airteagail Chomhlachais ná an t-oidreachas a chur chun cinn, scoláireacht a chur ar aghaidh agus cumais a chothú i riarachán poiblí agus bainistíocht d'fhonn seirbhísí poiblí a fheabhsú.

(b) Ráiteas Comhairle

Ullmhaíodh Ráitis Airgeadais an Fhoras Riaracháin don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2017 de réir FRS 102, 'An Caighdeán Tuairiscithe Airgeadais is infheidhme sa R.A. agus i bPoblacht na hÉireann' atá eisithe ag an gComhairle um Thuairisciú Airgeadais, mar atá craobhscaoilte ag Cuntasóirí Cairte na hÉireann.

Cuireadh na beartais chuntasáíochta seo a leanas i bhfeidhm go comhsheasmhach le linn a bheith ag déileáil le míreanna a mheastar a bheith ábhartha i ndáil le Ráitis Airgeadais na cuideachta.

(c) Bunús Ullmhúcháin

Ullmhaíodh na Ráitis Airgeadais faoin chomhghnás costais stairiúil ach amháin maidir le sócmhainní agus dlíteanais áirithe a mheastar ag luachanna córa mar a mhínítear sna beartais chuntasáíochta thíos. Tá na Ráitis Airgeadais i bhfoirm atá faofa faoi Achtanna na gCuideachtaí agus na bprionsabal ábhartha a nglactar go ginearálta leo. Cuireadh na beartais chuntasáíochta seo a leanas i bhfeidhm go seasmhach le linn a bheith ag déileáil le míreanna a mheastar a bheith ábhartha i ndáil le Ráitis Airgeadais an Fhoras Riaracháin.

(i) Ioncam (Seachas Deontas ón Oireachtas)

Déantar ioncam a chur san áireamh ar bhonn infhaighteachta seachas suibscríbhinní. Cuirtear in ioncam iad nuair a fhaightear iad. Cuirtear táillí cúrsa san áireamh in ioncam táillí agus tugtar isteach in ioncam iad le linn tréimhse an chúrsa.

(ii) Deontas ón Oireachtas

Aithnítear ioncam de ghnáth ar bhonn fabhráithe; eisceacht amháin is ea deontais ón Oireachtas. Aithnítear iad ar bhonn fáltas airgid tirim.

(iii) Deontais Chaipitil

Cuirtear deontais i leith caiteachas caipitil chun sochair d'ioncam iarchurtha agus scaoiltear leo chuig Caipitil agus Cúlchistí agus scaoiltear iad chuig an Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais thar saolré úsáideach mheasta na sócmhainní lena mbaineann, i ranníocaíochtaí bliantúla cothroma.

(iv) Réadmhaoin, Gléasra & Trealamh agus Dímhéas

Luaitear réadmhaoin, gléasra agus trealamh, foirgnimh san áireamh, ag a gcostas stairiúil nó luacháil lúide dímhéas carntha. Cuirtear gach sócmhainn sheasta inlámhsithe i dtaifead ag a costas stairiúil ar dtús. Áirítear air seo táillí dlí, dleacht stampála agus

AN FORAS RIARACHÁIN

(Cuideachta faoi Theorainn Ráthaíochta)

NÓTAÍ LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS Don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2017

cánacha ceannaigh eile nach bhfuil inaisíochta. Lena chois sin áirítear air costais ar bith atá inchurtha i leith an sócmhainn a thabhairt chuig an suíomh agus an bhail atá riachtanach chun gur féidir leis oibriú sa tslí atá beartaithe ag an bhfoireann bainistíochta. D'fhéadfadh go n-áireofaí ar a leithéid costais ullmhú suímh, seachadadh tosaigh agus láimhseáil, suiteáil agus cóimeáil, agus tástáil feidhmíochta.

Soláthraítear dímheas ar gach sócmhainn sheasta inláimhsithe seachas talamh ruilse, ag rátaí a ríomhtar chun costas nó luacháil gach sócmhainne a dhíscríobh, lúide a luach measta iarmharach, go córasach thar a saolré úsáideach mheasta de réir méid chothroim, mar seo a leanas:

Foirgnimh ruilse	2% De réir méid chothroim
Áitribh ar léas	2% De réir méid chothroim
Troscán & Feistis	5% De réir méid chothroim
Trealamh	10% De réir méid chothroim
Leabhair Leabharlainne	20% Iarmhéid laghdaitheach
Innill oifige	25% De réir méid chothroim
Foirgnimh réamhdhéanta	33.3% De réir méid chothroim

Tosaíonn dímheas sa bhliain ina gcuirtear tús le húsáid na sócmhainne.

Mar chuid den athbhreithniú bliantúil ar a chuid sócmhainní rinne an Foras Riaracháin athbhreithniú ar bhearnúcháin. Ní dhearnadh aon choigeartaithe in 2017 i ndáil le bearnúchán sócmhainní.

(v) **Fardal**

Luaitear fardail ag an luach níos ísle den luach costais agus glanluach inréadaithe agus an modh is tuisce isteach is tuisce amach. Tá glanluach inréadaithe bunaithe ar an ngnáthphraghas díolta lúide costais a mheastar go dtabhófar iad go dtí go bhfuil sé críochnaithe agus diúscartaithe. Déantar soláthar más gá, d'fhardal atá as dáta agus atá ag aistriú go mall.

(vi) **Infháltais**

Cuirtear infháltais i dtaifead ag an bpraghas idirbhirt i dtosach. Díscríobhtar drochfhiachais atá ar eolas agus déantar soláthar ar leith do mhéideanna ar bith a mheastar a mbailiúchán a bheith in amhras.

(vii) **Costais Sochar Scoir**

Tá scéim sochar scoir shainithe i bhfeidhm do gach fostaí an Fhoras Riaracháin mar is cuí. Faoi fhorálacha an Achta um Bhearta Airgeadais (Forálacha Ilghnéitheacha), 2009 aistríodh sócmhainní ciste scoir an Fhorais a measadh ag luach cóir, chuig an gCúlchiste Pinsean Náisiúnta ar an 30 Meitheamh 2010. Tá an scéim shochar scoir i bhfeidhm i gcónaí do bhaill reatha gan aon tionchar a imirt ar na sochair nó ar sholáthar breise atá ann do na baill.

De bhreis air seo tá Scéim Phinsin Shingil Seirbhísí Poiblí (Scéim Shingil) á hoibriú ag an bhForas ar scéim le sochar sainithe í do sheirbhísigh phoiblí inphinsin a ceapadh ar an 1 Eanáir 2013 nó ina dhiaidh sin. Íoctar ranníocaíochtaí baill na Scéime Singil leis an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

Meastar dliteanas na scéime sochar scoir ar bhonn achtúireach tríd an modh aonad réamh-mheasta a úsáid agus léiríonn siad luach reatha íocaíochtaí pinsin amach anseo atá tuillte ag an bhfoireann go dtí seo. De réir na socruithe um mhaoiniú pinsean aithnítear sócmhainn arb ionann é ó thaobh méid de leis an dliteanas seo agus léiríonn sé seo na méideanna atá le haisíoc i dtréimhsí amach anseo trí dheontas ón Oireachtas.

I muirear an sochar scoir sa Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais cuimsítear rannchuidiú an Fhorais atá le n-foc leis an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe ó dháta an aistrithe de réir na socruithe maoinithe.

AN FORAS RIARACHÁIN

(Cuideachta faoi Theorainn Ráthaíochta)

NÓTAÍ LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS Don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2017

Tar éis aistriú sócmhainní na scéime maoiníonn an Stáitchiste an Foras ar bhonn íoc-mar-a-úsáidtear chun costais na bpinsean a sheasamh de réir mar a thagann siad chun cinn.

(viii) Cáin

Tá teideal chuig díolúine ó cháin ag an gcuideachta faoin Acht Comhdhlúite Cánacha, 1997. Is í CHY 5401 an uimhir chlárúcháin charthanais agus is í 2008031 an Uimhir Rialúcháin Charthanas. Dá réir sin níor cuireadh muirear cánach san áireamh sna Ráitis Airgeadais don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2017.

(ix) Airgead Tirim agus a Choibhéis

Is é atá i gceist le hairgead tirim ná airgead ar láimh agus taiscí ar iarratas. Is é atá i gceist le coibhéisí airgid tirim ná infheistíochtaí gearrthearma fíor-leachtacha atá in-chomhshóite go héasca ina méideanna airgid tirim atá ar eolas agus a bhfuil an riosca go n-athródh a luach neamhshuntasach.

(x) Iasachtaí

Fuair an cuideachta iasacht 20 bliana dar luach €5 milliún, arna hurrú trí mhorgáiste ar a háitreabh i mBóthar Lansdún (tá 9 mbliain fágtha). Is é an ráta úis a ghearrtar ná Euribor + 0.5%. De réir mar a éilíonn FRS 102, aithnítear luach na hiasachta agus costas úis tríd an modh ráta úis éifeachtaigh a úsáid.

(xi) Dlíteanais Airgeadais eile

Meastar cuntais iníoctha thrádála ag praghas an tsonraisc ach amháin má tá an íocaíocht iarchurtha laistiar de ghnáth-théarmaí gnó nó má airgeadaítear ag ráta úis é nach ráta margaigh é. Sa chás seo is é idirbheart airgeadais atá sa socrú agus meastar an dlíteanas airgeadais ag luach reatha na n-íocaíochtaí amach anseo arna lascainiú ag ráta úis margaidh a ghearrtar ar ionstraim fiachais rialtais dá shórt.

(xii) Caipiteal agus Cúlchistí

Is é atá i gcúlchistí Clár Comhardaithe an Fhorais ná cúlchiste caipitil, cúlchiste ioncaim agus cúlchiste barrachais charnaigh ar ioncam agus caiteachas. Coinnítear an cúlchiste caipitil chun forbairt bonneagar foirgnimh an Fhorais a mhaoiniú. Leis an gcúlchiste ioncaim freastalaítear ar phríomhaí ar an áis fiachas morgáiste fadtéarma, agus úsáidtear an cúlchiste barrachais charnaigh chun gníomhaíochtaí oibriúcháin leanúnacha a mhaoiniú.

(xiii) Breithiúnais agus Príomhfhoinisí Neamhchinnteacht Meastacháin

Chun na Ráitis Airgeadais seo a ullmhú tá gá le bainistíocht chun breithiúnais, meastacháin agus foshuímh a dhéanamh a dhéanann difríocht do bheartais agus do mhéideanna tuairiscithe sócmhainní, dlíteanas, ioncaim agus caiteachais.

Déantar breithiúnais agus meastacháin a mheasúnú an t-am ar fad agus bunaítear iad ar thaithí stairiúil agus ar thosca eile lena n-áirítear ionchais maidir le teagmhais amach anseo a mheastar a bheith réasúnta sna cúinsí.

Déanann an cuideachta meastacháin agus foshuímh faoin am atá romhainn. Is annamh, faoi mar a thuigfeá, gurb ionann na meastacháin chuntasaíochta a bhíonn mar thoradh air seo agus na torthaí bainteacha iarbhír. Measann na stiúrthóirí gur meastacháin agus breithiúnais rí-thábhachtacha iad na meastacháin agus na foshuímh chuntasaíochta thíos:

Gnóthas Leantach

Tá buiséid agus sreafaí airgid ullmhaithe ag na stiúrthóirí i gcomhair tréimhse dhá mhí dhéag ar a laghad ón dáta ar ar faomhadh na Ráitis Airgeadais a thaispeánann nach bhfuil aon neamhchinnteacht ábhartha ann maidir le cumas na cuideachta freastal ar a cuid dlíteanais ar fad de réir mar a bhíonn siad dlite agus leanúint ar aghaidh mar ghnóthas leantach. Ar an mbonn seo measann na stiúrthóirí gur cuí na Ráitis Airgeadais a ullmhú

AN FORAS RIARACHÁIN

(Cuideachta faoi Theorainn Ráthaíochta)

NÓTAÍ LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS Don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2017

ar bhonn gnóthais leantaigh. Dá réir sin níl aon choigeartaithe sna Ráitis Airgeadais seo ar na suimeanna glanluacha agus ar rangú sócmhainní agus dliteanas a d'fhéadfadh teacht chun cinn dá mba rud é nach bhféadfadh an chuideachta leanúint ar aghaidh mar ghnóthas leantach.

Bearnúchán Infháltas Trádála

Bíonn an chuideachta ag trádáil le líon mór custaiméirí éagsúla ar théarmaí creidmheasa. Tá fiachais áirithe nach n-íocfar mar thoradh ar mhainneachtain líon beag custaiméirí. Úsáideann an chuideachta meastacháin atá bunaithe ar thaithí stairiúil agus ar eolas reatha agus leibhéal na bhfiachas a dheimhniú a bhfuil muirear bearnúcháin ag teastáil ina leith. Déantar an leibhéal bearnúcháin riachtanach a athbhreithniú ar bhonn leanúnach.

Bearnúchán Fardail

Is í tuairim na stiúrthóirí gur gearradh muirear cuí chun a léiriú go bhféadfaí fardal a dhíol ar phraghas níos lú ná an costas. Tá an meastachán faoi réir neamhchinnteacht bhunúsach áfach.

Saolré úsáideach Réadmhaoine, Gléasra agus Trealaimh

Is cuid shuntasach d'iomlán na sócmhainní iad sócmhainní fadsaoil ina n-áirítear go príomha talamh agus foirgnimh, meaisíní oifige agus troscán. Braithfeann an muirear dímheasa bliantúil go mór mór ar shaolréanna measta gach cineáil sócmhainne agus, i gcúinsí áirithe, ar mheastacháin luachanna iarmhartacha. Déanann na stiúrthóirí athbhreithniú go rialta ar na saolréanna úsáideacha agus athraíonn siad iad más gá, chun na cúinsí reatha a léiriú. Agus na saolréanna úsáideacha á ndeimhniú acu breathnaíonn na bainisteoirí athrú teicneolaíochta, pátrúin chaithimh, riocht fisiceach agus úsáid eacnamaíoch mheasta na sócmhainní. D'fhéadfadh athrú ar an saolré úsáideach tionchar nach beag a imirt ar an muirear dímheasa don bhliain airgeadais.

2. IONCAM Ó THÁILLÍ

	2017	2016
	€	€
Oiliúint	3,864,005	3,660,512
Oideachas	5,203,790	4,443,945
Taighde	384,531	360,150
	<u>9,452,326</u>	<u>8,464,607</u>

3. DÍOL FOILSEACHÁN

	2017	2016
	€	€
Ioncam as Foilseacháin an Fhorais	<u>297,099</u>	<u>346,378</u>

4. DEONTAS ÓN OIREACHTAS

Fuarthas €2,725,000 (2016: €2,750,000) ón Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe. Míníodh €96,000 den mhéid sin trí Shuibscríbhinní agus is deontas é €2,629,000. Is é an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe (Vóta Uimh. 11, Fotheid. B.3) a chuireann an deontas ar fáil i leith dliteanas faoi chaiteachas neamhphá ginearálta agus tarraingíonn an Foras anuas é ar bhonn bliantúil.

5. BARRACHAS OIBRIÚCHÁIN

Luaitear an barrachas oibriúcháin tar éis iad seo a leanas a chur chun dochair (nó chun sochair):

AN FORAS RIARACHÁIN

(Cuideachta faoi Theorainn Ráthaíochta)

**NÓTAÍ LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS
Don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2017**

(a) Luach Saothair na Stiúrthóirí

Ní íoctar aon táillí le baill Bhoird an Fhoras Riaracháin. Cé nach dtaistealaíonn baill an Bhoird chun críocha gnó oifigiúil mar bhaill den bhForas tá teideal acu chun costais taistil agus cothabháil a éileamh as freastal ar chruinnithe boird agus fochoiste. Maidir le 2017, níor éiligh aon bhall den Bhord aon speansais.

AN FORAS RIARACHÁIN*(Cuideachta faoi Theorainn Ráthaíochta)***NÓTAÍ LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS
Don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2017**

(b) Luach saothair an Ard-Stiúrthóra

Maidir leis an mBliain Reatha

	Ard-Stiúrthóir 2017 (€)	Ard-Stiúrthóir 2016 (€)
Tuarastal	133,698	127,635
ÁSPC an Fhostóra	13,108	12,440
Ranníocaíocht Phinsin	46,260	44,162
Caiteachas Taistil agus Cothaithe	7,082	5,994

Ba iad seo líon foirne an Fhorais sna bandaí tuarastail seo a leanas, amhail an 31 Nollaig 2016 agus 2017:

BANDA TUARASTAIL (€) 2017	LÍON FOIRNE	BANDA TUARASTAIL (€) 2016	LÍON FOIRNE
60,000 - 70,000	-	60,000 - 70,000	1
70,001 - 80,001	3	70,001 - 80,001	14
80,001- 90,000	22	80,001- 90,000	8
90,001- 100,000	1	90,001- 100,000	3
100,001- 110,000	2	100,001- 110,000	2
110,001- 120,000	-	110,001- 120,000	-
120,001 - 130,000	-	120,001 - 130,000	2
130,001- 140,000	1	130,001- 140,000	-
140,001- 150,000	1	140,001- 150,000	1

(C) Luach Saothair an Iniúcháir	18,000	17,000
(D) Dímhéas (Glan de dhiúscairtí)	677,089	627,816
(e) Ús iníoctha ar shuimeanna a Chaithfear a íoc ar ais thar tréimhse níos mó ná cúig bliana	27,009	19,798
(F) Deontas Caipitil Amúchta	(149,823)	(149,823)

6. ANAILÍS AR CHOSTAIS DÍREACHA

	2017	2016
	€	€
Oiliúint	1,065,021	1,190,834
Oideachas	1,757,758	1,404,942
Foilseacháin	135,955	165,956
Taighde	58,530	49,683
Ginearálta	22,007	27,203
	<u>3,039,270</u>	<u>2,838,618</u>

AN FORAS RIARACHÁIN

(Cuideachta faoi Theorainn Ráthaíochta)

NÓTAÍ LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS Don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2017

7. EOLAS FAOI FHOSTAITHE

(a) Tugtar anailís ar mheánlíon na bhfostaithe buana sa chuideachta i gcaitheamh na bliana, stiúrthóirí lánaimseartha san áireamh, anseo thíos.

	2017	2016
Oiliúint	26	24
Oideachas	27	28
Foilseacháin	5	4
Taighde	4	4
Ginearálta	22	23
	<u>84</u>	<u>83</u>

(b) Cuimsíonn costais tuarastail maidir leis na fostaithe go léir:

	2017	2016
	€	€
Pá agus Tuarastail	4,531,985	4,344,899
Foireann chomhlach	839,429	878,516
Costais Árachais Shóisialta	565,953	556,984
Plean Leanúnachas Ioncaim	64,105	67,767
	<u>6,001,472</u>	<u>5,848,166</u>

Caitheadh leis na méideanna uile a luaitear thuas mar chaiteachas na cuideachta sa bhliain airgeadais. Níor caipitlíodh aon mhéid chuig na sócmhainní.

Asbhaineadh tobhach sochar scoir €245,228 (2016: €255,911) agus íocadh leis an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe é.

Mar thoradh ar athlonnú baill foirne a rinne an Foras le linn 2012, tá roinnt baill foirne ar iasacht. Ós rud é go ndéantar méideanna tuarastail na mball foirne ar iasacht a aisghabháil ina n-iomláine níl na méideanna tuarastail €306,323 (2016: €391,207) a bhaineann le hiasacht, san áireamh.

Baineann baill foirne an Fhorais a ceapadh roimh 2015 leas as Scéim Leanúnachas Ioncaim. Ní cháilíonn baill foirne a ceapadh tar éis 2015 i gcomhair na scéime.

8. ANAILÍS AR CHOSTAIS RIARACHÁIN

	2017	2016
	€	€
Deisithe, glanadh, cothabháil	329,642	409,570
Dímheas	677,089	627,816
Stáiseanáireacht agus fótachóipeáil	167,757	171,827
Solas, Teas agus Fón	145,879	119,484
Postas	70,026	46,699
Árachas	27,951	31,525
Gnóthaí Corparáideacha**	130,899	84,927
Forbairt Foirne	133,751	101,962*
Ginearálta	171,984	71,576*
	<u>1,854,978</u>	<u>1,665,386</u>

*Rinneadh anailís nua ar chaiteachas áirithe na bliana roimhe ar an mbonn céanna leis an mbliain reatha.

**Tugadh ainm nua ar Ghnóthaí Corparáideacha (da nglaoití roimhe seo Gnóthaí Corparáideacha & Margaíocht, 2016) chun riachtanais tuarascála a léiriú de réir an Chóid Chleachtas um Rialachas Comhlachtaí Stáit 2016 maidir le costais Chomhairleoireachta. Ní raibh aon chaiteachas margaíochta ag an bhForas in 2017.

AN FORAS RIARACHÁIN
(Cuideachta faoi Theorainn Ráthaíochta)

NÓTAÍ LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS
Don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2017

9. FARDAL

	2017 €	2016 €
Stáiseanáireacht agus leabhair	<u>88,006</u>	<u>81,811</u>

Níl aon fhardail curtha i ngeall mar urrús.

10. Réadmhaoin, Gléasra & Trealamh
Maidir leis an mbliain reatha

	Talamh & Foirgnimh ^(a) €	Innill oifige €	Troscán, Feistis, Trealamh & Leabhair Leabharlainne €	Iomlán €
COSTAS				
Amhail 1 Eanáir 2017	20,607,256	1,668,342	1,912,014	24,187,612
Breiseanna	-	-	357,371	357,371
Amhail 31 Nollaig 2017	<u>20,607,256</u>	<u>1,668,342</u>	<u>2,269,385</u>	<u>24,544,983</u>
DÍMHEAS				
Amhail 1 Eanáir 2017	6,170,353	1,614,524	1,378,591	9,163,468
Muirear don mbliain	410,365	7,579	259,145	677,089
Amhail 31 Nollaig 2017	<u>6,580,718</u>	<u>1,622,103</u>	<u>1,637,736</u>	<u>9,840,557</u>
GLANLUACH NA LEABHAR				
Amhail 31 Nollaig 2017	<u>14,026,538</u>	<u>46,239</u>	<u>631,649</u>	<u>14,704,425</u>
Amhail 1 Eanáir 2017	<u>14,436,903</u>	<u>53,818</u>	<u>533,423</u>	<u>15,024,144</u>

MAIDIR LEIS AN MBLIAIN ROIMHE

	Talamh & Foirgnimh ^(a) €	Innill oifige €	Feistis, Trealamh & Leabhair Leabharlainne €	Iomlán €
COSTAS				
Amhail 1 Eanáir 2016	20,607,256	1,668,342	1,757,026	24,032,624
Breiseanna	-	-	154,988	154,988
Diúscairtí	-	-	-	-
Amhail 31 Nollaig 2016	<u>20,607,256</u>	<u>1,668,342</u>	<u>1,912,014</u>	<u>24,187,612</u>
DÍMHEAS				
Amhail 1 Eanáir 2016	5,759,988	1,606,945	1,168,719	8,535,652
Muirear don mbliain	410,365	7,579	209,872	627,816
Amhail 31 Nollaig 2016	<u>6,170,353</u>	<u>1,614,524</u>	<u>1,378,591</u>	<u>9,163,468</u>
GLANLUACH NA LEABHAR				
Amhail 31 Nollaig 2016	<u>14,436,903</u>	<u>53,818</u>	<u>533,423</u>	<u>15,024,144</u>
Amhail 1 Eanáir 2016	<u>14,847,268</u>	<u>61,397</u>	<u>588,307</u>	<u>15,496,972</u>

AN FORAS RIARACHÁIN
(Cuideachta faoi Theorainn Ráthaíochta)

NÓTAÍ LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS
Don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2017

Nóta (a): Sceideal Réadmhaoine agus an Cineál Sealúcháis

57-61 Bóthar Lansdún	Ruílse
49-51 Bóthar Lansdún	Ruílse
55 Bóthar Lansdún	Ruílse
Halla Vergemount, Cluain Sceach	Ceadúnas le hOifig na nOibreacha Poiblí le cíós ainmniúil

11. INFHÁLTAIS

	2017	2016
	€	€
Infháltais trádála	1,273,391	1,700,214
Pinsin Státchiste ^(Nóta 19c)	8,789	3,703
Réamhíocaíochtaí & Infháltais eile	10,094	17,832
	<u>1,292,274</u>	<u>1,721,749</u>

Luaitear Infháltais Trádála glan de sholáthar d'fhiacha amhrasacha €24,400 (2016: €24,400).

12. CUNTAIS INÍOCTHA: MÉIDEANNA A BHEIDH DLITE LAISTIGH DE BHLIAIN

	2017	2016
	€	€
Iasachtaí Bainc	266,507	264,527
Cuntais Iníochta trádála	274,463	228,054
Ioncam Táille Iarchurtha	3,936,856	3,648,132
Méideanna iníochta agus fabhruithe Ilghnéitheacha	318,983	212,932
ÍMAT/ÁSPC	221,692	-
	<u>5,018,501</u>	<u>4,353,645</u>

13. CUNTAIS INÍOCTHA: MÉIDEANNA A BHEIDH DLITE LAISTIGH DE BHLIAIN

	2017	2016
	€	€
Áis €5m 20-Bliain ag Ráta athraitheach	<u>2,142,500</u>	<u>2,410,989</u>

Tá an iasacht inaisíochta i ranníocaíochtaí thar tréimhse 20 bliain. Tá 8 mbliana fágtha den tréimhse aisíochta. Tá sé faoi réir ráta úis athraitheach atá bunaithe ar Euribor + 0.5%. Ba é 0.65% an meánráta úis ualaithe le linn na bliana airgeadais (2016: 0.65%). Tá gníomhais i leith Uimh. 55 Bóthar Lansdún á gcoinneáil ag an mbanc mar urrús ar an áis seo.

13.1 IASACHTAÍ BAINC

Tugtar anailís ar aibíocht na n-iasachtaí anseo thíos:

	2017	2016
	€	€
Laistigh de bhliain amháin	266,507	264,527
Laistigh de 2–5 bliana	799,521	788,640
Tar éis níos mó ná 5 bliana	1,342,981	1,622,349
	<u>2,409,009</u>	<u>2,675,516</u>

AN FORAS RIARACHÁIN

(Cuideachta faoi Theorainn Ráthaíochta)

NÓTAÍ LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS Don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2017

14. DEONTAIS CHAIPITIL

	2017	2016
	€	€
Amhail 1 Eanáir	513,491	663,314
Méid arna amúchadh sa bhliain	(149,823)	(149,823)
Amhail 31 Nollaig	<u>363,668</u>	<u>513,491</u>

De réir an bheartais chuntasaíochta aithnítear deontais chaipitil tríd an tsamhail fhabhráithe a úsáid. Aithnítear na deontais seo a úsáidfear chun ionad oiliúna an Fhoras Riaracháin a cheannach thar saolré úsáideach na sócmhainní, is é sin, 20 bliain. Níl aon choinníollacha ná aon teagmhais neamhchomhlíonta ag gabháil leis na deontais seo.

15. RÉITEACH GLANSHREABHADH AIRGID LE GLUAISEACHT I nGLANFHIACHAS

	2017	2016
	€	€
Méadú ar Airgead Tirim	1,405,127	1,181,908
Laghdú ar Áis Mhorgáiste 20 bliain	266,507	264,527
Gluaiseacht i nGlanfhiachas le linn na bliana	<u>1,671,634</u>	<u>1,446,435</u>
Glanfhiachas amhail 1 Eanáir	605,969	(840,466)
Glanfhiachas amhail 31 Nollaig	<u>2,277,603</u>	<u>605,969</u>

Anailís ar Athruithe ar Ghlanfhiachas

	Amhail 31 Nollaig 2016	Sreafaí Airgid	Amhail 31 Nollaig 2017
	€	€	€
Airgead Tirim agus a Choibhéis	3,281,485	1,405,127	4,686,612
Áis Mhorgáiste 20-bliain	(2,675,516)	266,507	(2,409,009)
lomlán	<u>605,969</u>	<u>1,671,634</u>	<u>2,277,603</u>

16. TEAGMHAIS DÁ ÉIS

Ní raibh aon teagmhais shuntasacha a chuaigh i bhfeidhm ar an gcuideachta tar éis dáta an Chláir Chomhardaithe.

17. CEANGALTAIS CHAIPITIL

Ní raibh aon cheangaltais chaipitil ann ag deireadh na bliana.

18. DLITEANAS TEAGMHASACH

Níl aon dliteanais teagmhasacha ann ag deireadh na bliana ag a mbeadh drochthionchar ar staid airgeadais na cuideachta.

19. SOCHAIR SCOIR

(a) Oibleagáid agus Sócmhainn Sochair Scoir

Mar a mhínítear sna beartais chuntasaíochta (féach Nóta 1) aistríodh ciste sochar scoir an Fhorais chuig an gCúlchiste Pinsean Náisiúnta ar an 30 Meitheamh 2010 de réir An Achta um Bearta Airgeadais (Forálacha Ilghnéitheacha), 2009. Agus sócmhainní na scéime aistrithe tá ar an bhForas ranníocaíocht bhliantúil a íoc leis an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe tar éis sochair scoir atá dlite a thabhairt san áireamh. Cuirfidh an roinn maoiniú ar fáil má tá na sochair scoir a íoctar níos mó ná

AN FORAS RIARACHÁIN

(Cuideachta faoi Theorainn Ráthaíochta)

NÓTAÍ LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS Don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2017

an ranníocaíocht. Tá glactha ag an mBord le caitheamh agus nochtaithe a éilfionn Cuid 28 den gcaighdeán cuntasáíochta FRS 102 chun na socrúite atá i bhfeidhm a léiriú. Oibríonn an socrú maoinithe ar bhonn glaníocaíochta leis an roinn ach is í tuairim an Fhorais gur comhaicmeach le haisíocaíocht iomlán na hoibleagáide sochair scoir é an cineál socráithe atá ann nuair a bhíonn na dlíteanas sin dlíte. Dá bhrí sin aithníonn sé a cheart chuig aisíocaíocht mar shócmhainn ar leith sa mhéid arb ionann é agus an oibleagáid, ag deireadh na bliana.

Ba é an oibleagáid sochair scoir ar an 31 Nollaig 2017 ná €62,981,000 (2016: €60,418,000) agus é bunaithe ar luacháil achtúireach na n-oibleagáidí sochair scoir i ndáil le foireann an Fhorais amhail 31 Nollaig 2017, a rinne achtúire cáilithe neamhspleách chun críocha FRS 102. Aithnítear sócmhainn maoinithe iarchurtha dar luach €62,981,000 arb ionann é agus an dlíteanas amhail an 31 Nollaig 2017 mar shócmhainn ar leith ar an gClár Comhardaithe. Críochnaíodh an t-athbhreithniú achtúireach maidir le nochtaithe i leith FRS17 chun críche na Ráiteas Airgeadais 2017.

Gluaiseacht in Oibleagáid Sochair Scoir

	2017	2016
	€'000	€'000
Luach na nOibleagáidí Scéime faoi láthair amhail 1 Eanáir	60,418	55,355
Costas Seirbhíse Reatha	1,242	1,132
Plean maidir le Ranníocaíochtaí Rannpháirtithe	66	63
Costas Úis	1,073	1,281
Cailteanas/(Gnóthachan) Achtúireach	1,763	4,249
Sochair Íochta	(1,470)	(1,565)
Costais Íochta	(111)	(97)
Luach na nOibleagáidí Scéime faoi láthair amhail 31 Nollaig	<u>62,981</u>	<u>60,418</u>
Sócmhainn Sochair Scoir amhail 31 Nollaig	<u>62,981</u>	<u>60,418</u>

(b) Costas Sochair Scoir arna Aithint sa Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais

Méid arna ghearradh chuig Caiteachas	€'000
Ranníocaíochtaí pinsin Fostóra arna dtarchur chuig Stáitchiste Costas Seirbhíse Reatha	1,445
Costas Seirbhíse Reatha	1,308
Costas Úis	1,073
Coigeartú ar Mhaoiniú Pinsin Iarchurtha ón Stáitchiste	(2,381)
Iomlán gearrtha chuig Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais	<u>1,445</u>

AN FORAS RIARACHÁIN

(Cuideachta faoi Theoirinn Ráthaíochta)

NÓTAÍ LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS Don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2017

(c) Ranníocaíocht leis an Státchiste maidir le Sochair Scoir

De réir na socrúithe atá leagtha amach i Nóta 19a tá ar an bhForas ranníocaíocht bhliantúil a dhéanamh leis an Státchiste i ndáil le sochair scoir. Tá ráta na ranníocaíochta socrúithe ag 34.6% de mhúirear párolla an Fhorais agus cuimsíonn sé ranníocaíocht €1.5m (2016: €1.5m) an Fhorais chomh maith le ranníocaíochtaí ó fhostaithe dar luach €101,843 (2016: €99,545). Déanann an Foras íocaíochtaí sochair scoir agus íocaíochtaí gaolmhara thar ceann an Státchiste agus ríomhtar an méid atá dlite don Státchiste tar éis na híocaíochtaí seo a ghlacadh san áireamh.

Tá méideanna atá iníoctha leis an Státchiste sonraithe thíos:

	2017	2016
	€	€
Iarmhéid 1 Eanáir	(3,703)	(126,064)
Ranníocaíochtaí ón bhForas	1,444,871	1,485,040
Riaracháin (Gan Daoine ar lasacht san áireamh)		
Foireann an Fhorais ar lasacht	73,540	95,221
Iomlán na Ranníocaíochtaí ón bhForas ⁽ⁱ⁾	<u>1,518,411</u>	<u>1,580,261</u>
Ranníocaíochtaí ó Fhostaithe	101,843	99,545
Sochair Scoir agus Íocaíochtaí a bhaineann leo	(1,654,667)	(1,757,445)
Aisiocaíocht ó/(Íocaíochtaí leis) an Státchiste	29,328	200,000
Iarmhéid amhail 31 Nollaig	<u>(8,789)</u>	<u>(3,703)</u>

Nóta (i): Mar thoradh ar athlonnú baill foirne a rinne an Foras le linn 2012, tá roinnt baill foirne ar lasacht. Íocann an Foras an ranníocaíocht phinsin riachtanach leis an Státchiste thar a gceann, is é sin €73,540 (2016: €95,221).

(d) Cur-síos ar an scéim agus boinn tuisceana achtúireachta

Is é atá sa scéim sochar scoir ná socrú pinsin sochair sainithe a bhaineann leis an tuarastal deiridh agus ina sainítear na sochair trí thagairt do rialacháin reatha a ghabhann le scéim na hearnála poiblí. Soláthraíonn an scéim sochar scoir (in aon ochtóid in aghaidh na bliana seirbhíse), aisce nó cnapshuim (i dtí ochtóid in aghaidh na bliana seirbhíse) agus sochar scoir do chéilí agus do leanaí. Is é an ghnáthaois scoir ná 65ú breithlá an bhaill. Téann sochair scoir atá á n-íoc (agus á n-iarchur) i méid de ghnáth i gcomhréir le boilsciú ginearálta tuarastail san earnáil phoiblí. Cuirtear an cleachtas reatha maidir le sochar scoir a mhéadú i gcomhréir le boilsciú tuarastail san earnáil phoiblí san áireamh agus an oibleagáid maidir le sochar sainithe á meas.

Ba iad seo a leanas na suímh airgeadais a úsáideadh chun críche FRS 102:

	2017	2016
Ráta méadaithe i dtuarastail	2.75%	2.75%
Ráta méadaithe sochar scoir atá á n-íoc	2.75%	2.75%
Ráta méadaithe sochar scoir atá á n-iarchur	2.75%	2.75%
Ráta lascaine	1.85%	1.80%
Boilsciú	1.75%	1.75%

AN FORAS RIARACHÁIN

(Cuideachta faoi Theorainn Ráthaíochta)

NÓTAÍ LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS Don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2017

Is iad na príomhthoimhdí básmhaireachta a úsáideadh agus meastachán á dhéanamh ar luach achtúireach na ndlíteanas scéime ná:

Meánionchas saoil ualaithe do tháblaí básmhaireachta a úsáideadh chun oibleagáidí sochair a chinneadh amhail an 31 Nollaig 2017:

	2017	2016
Ball fireann in aois 65 (Ionchas saoil reatha)	21.2	21.1
Ball baineann in aois 65 (Ionchas saoil reatha)	23.7	23.6
Ball fireann in aois 45 (Ionchas saoil ag aois 65)	23.7	23.6
Ball baineann in aois 45 (Ionchas saoil ag aois 65)	25.8	25.7
Ball fireann in aois 40 (Ionchas saoil ag aois 65)	24.2	24.1
Ball baineann in aois 40 (Ionchas saoil ag aois 65)	26.3	26.2

Tá an toimhde básmhaireachta thuas i gcomhréir leis an tábla caighdeánach, rud a cheadaíonn feabhsuithe réamh-mheasta. Is ionann na toimhdí thuas agus iad siúd a úsáideadh i nochtuithe na bliana seo caite.

(e) Maoiniú Sochair Scoir

Measann an Foras Riaracháin go n-íocfaidh sé €1.5m leis an Stáitchiste in 2018.

20. LEASANNA BAILL AN BHOIRD

Ghlac an Bord le nósanna imeachta de réir an *Chóid Chleachtais athbhreithnithe um Rialachas Comhlachtaí Stáit* (2016) maidir le nochtadh leasanna baill Bhoird agus cloíodh leis na nósanna imeachta seo le linn na bliana. Ní dhearnadh aon idirbhearta le linn na bliana maidir le gníomhaíochtaí an Bhoird ina raibh aon leas tairbhiúil ag na baill.

21. FAOMHADH NA RÁITEAS AIRGEADAIS

D'fhaomh Bord Stiúrthóirí an Fhorais na Ráitis Airgeadais agus d'údaraigh le haghaidh a n-eisithe iad ar an 5 Aibreán 2018.

BAINISTÍOCHT SHINSEARACH AN FHORAIS



AN DR MARIAN O'SULLIVAN

Ard-Stiúrthóir
mosullivan@ipa.ie



TERESA CASSERLY

Stiúrthóir, Ceannaireacht agus Bainistíocht agus Seirbhísí Idirnáisiúnta
tcasserly@ipa.ie



AN DR MICHAEL MULREANY

Ard-Stiúrthóir Cúnta, Oideachas agus Taighde
mmulreany@ipa.ie



AIDAN HORAN

Stiúrthóir, Rialachas, Acmhainní Daonna, Teicneolaíocht Faisnéise agus Seirbhísí Airgeadais
ahoran@ipa.ie



AN DR CYRIL SULLIVAN

(Eanáir-Meán Fómhair 2017)
Stiúrthóir Seirbhísí Airgeadais agus Tacaíochta agus Rúnáí na Cuideachta
csullivan@ipa.ie



AN DR RICHARD BOYLE

Ceann Taighde, Foilsitheoireachta agus Caidrimh Chorpóraide
rboyle@ipa.ie

JOSEPH O'MALLEY

(Deireadh Fómhair-Nollaig 2017)
Stiúrthóir Airgeadais Cúnta
jomalley@ipa.ie



CHRISTINE MCNALLY

Ceann Acmhainní Daonna
cmcnally@ipa.ie